BAI

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

TUARASCÁIL BLIANTÚIL AGUS CUNTAS **2012**

MISEAN

Mar rialtóir craolacháin na hÉireann, is comhlacht reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), atá tiomanta freastal ar shochaí na hÉireann tríd an timpeallacht craolacháin a rialú, a mhúnlú agus tacú leis, ionas go dtabharfar léargas i gcúrsaí craolacháin ar éagsúlacht agus ar dhaonlathas na hÉireann.

BAI

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

FÍS

Aithnítear an BAI mar rialtóir straitéiseach agus gairmiúil, ag freastal ar riachtanais féachana agus éisteachta mhuintir na hÉireann agus a bhfuil meas ag an earnáil chraolacháin air agus ag páirtithe leasmhara eile.

Clár Ábhar

Maidir leis an BAI	2
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	6
An tÚdarás	8
An Coiste um Dheonú Conarthaí	9
An Coiste um Chomhlíonadh	10
An Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (AIR)	11
Struchtúr Eagraíochta agus Foireann an BAI	12
Illchineálacht a Chinntiú	14
Iolarthacht a Chinntiú	21
Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh	24
Follasacht agus Freagracht na gCraoltóirí a Neartú	28
Foghlaim agus Forbairt a Éascú san Earnáil Chraolacháin	34
Craolachán Freagrach a Chur Chun Cinn agus an Lucht Éisteachta/Féachana a Chumasú	38
Forbairt Rialachais agus Eagraíochtúil	42
Údarás Craolacháin na hÉireann: Ráitis Airgeadais	48
An Ciste Craolacháin: Ráitis Airgeadais	71

1 MAIDIR LEIS AN BAI

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoi Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009") an 1 Deireadh Fómhair 2009 chun lánas a rialú ar fud na craoltóireachta go léir. Ghlac sé chuige féin an ról a bhí roimhe sin ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) agus ag an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin (BCC).

Leagtar amach raon cuspóirí ginearálta agus sonracha don BAI in Acht 2009 agus sonraítear ann an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh,
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Leagtar amach freisin san Acht raon cuspóirí eile don Údarás lena n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh
- a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall
- éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail
- a chinntiú maidir le rialú craolacháin:
  - go gcothaítear iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaon
  - go ndéantar comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú
  - leasanna leanaí a chosaint
  - go n-éascaítear earnáil chraolacháin ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas
  - forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

In 2011 sheol an BAI a chéad Ráiteas Straitéise, inar tugadh cuntas ar an méid a bhainfear amach ó 2011-2013. Is é tosaíocht an Ráitis sin a dhéanamh cinnte go mbainfidh lucht féachana agus éisteachta na hÉireann sult as lánas craolacháin ar ardchaighdeán, nuálach agus a tairgeadh ag baile. Tugtar cuntas i misean, fís agus luachanna an BAI treoirphrionsabail oibríochta an BAI, agus é mar sprioc a chinntiú go léirítear i gcúrsaí craolacháin tréithe comhaimseartha agus daonlathacha shochaí na hÉireann. Tugann ocht sprioc straitéiseacha na heagraíochta fócas don eagraíocht ina mhisean freastal ar shochaí na hÉireann tríd an timpeallacht craolacháin a rialú, a mhúnlú agus tacú leis.

Baintear leas as Ráiteas Straitéise an BAI i dTuarascáil Bhliantúil 2012 an BAI mar chreat chun tuairisc a thabhairt ar an méid a baineadh amach ina phlean oibre, ag teacht as na spriocanna straitéiseacha atá leagtha síos ag an eagraíocht di féin.

Ráiteas an Chathaoirligh

Lean an bhliain a chuimsigh an tuarascáil seo bheith ina mórdhúshlán do gach craoltóir, amhail a bhí sí don phobal ina iomláine. Lean cúinsí geilleagracha, cé gur léirigh siad roinnt comharthaí dearfacha, bheith an-deacair agus bhí tionchar acu ar ioncaim gach duine agus ar an gcumas chun réimse iomlán a gcuspóirí a fhíorú.

Níl ach réalachas tráchtála i gceist leis seo, ach réalachas a bhain le heispéireas gach éisteora agus breathnóra sa stát a mbaineann ríthábhacht lena gcaidreamh le craolachán amhail bheith mar fhoinsí tábhachtacha den nasc le beatha an phobail áitiúil agus náisiúnta. Is tábhachtach a chur i gcuntas, amhail blianta roimhe seo, go leanann iarrachtaí leanúnacha craoltóirí sceidil chuimsitheacha a thabhairt dá lucht féachana. Ar a shon sin, agus ar bhonn dosheachanta, tharlódh nach raibh an réimse ábhair chomh cuimsitheach sin agus ba mhian le craoltóirí, is gné shuntais a n-éachtaí chun sceidil thréana a choimeád.

Lárphointe théarma oifige an Údaráis a bhí sa bhliain. Anuas air sin, cuireadh i gcrích, i gcaitheamh na bliana, rud ar a bhféadfaí céim bhunaidh shaol an BAI a thabhairt. Teastaíonn roinnt ama ó eagraíocht nua, atá éagsúil go leor ó thaobh scóipe de óna gcomhlacht réamhtheachtaí, agus ag a bhfuil reachtaíocht nua, chun gach rud a dhéanamh a éilíonn an reacht i dtaobh céimeanna tosaigh chun an chreatlach nua rialála a chruthú le haghaidh craolacháin in Éirinn. Tugann sé sásamh dom súil siar a chaitheamh ar an méid a baineadh amach sa chéad tréimhse trí bliana siúd.

I measc an réimse saincheisteanna lenar dhéileáil an tÚdarás, is fiú roinnt díobh a lua sa réamhrá seo. Ní gá sonraí imscrúdú Alt 53 a athlua (imscrúdú ar chlár a chraol RTÉ in 2011) ar a ndearna an Coiste Comhlíonta agus an tÚdarás a ndiúscairtí go luath sa bhliain. Tá dóthain eolais orthu nach gá iad a athlua. Is cuí, áfach, machnamh a dhéanamh ar chuid de na príomhghnéithe a bhí lárnach san imscrúdú agus sna torthaí.

Sa chéad ásc, ba léiriú tábhachtach é ar an gcumas a bheireann an tAcht ar an Údarás chun imscrúdú a dhéanamh ar na cúinsí a mheastar is ionann agus sárú ar an dlí ag craoltóir. Léirigh sé, go deimhin, tromchúise agus príomhacht na mbuarthaí eagarthóireachta. Leag sé béim ar an ríthábhacht a bhaineann le hiontaoibh an lucht féachana a choimeád agus a chomhdhlúthú. Agus rinne sé an tábhacht a bhaineann le clársceidealú cúrsaí reatha a atreisiú – lena n-áirítear iriseoireacht imscrúdaitheach – inár dtimpeallacht chraolacháin agus inár ndaonlathas.

Sa mhullach air sin, ba ghné thábhachtach den chás seo smachtbhanna airgeadais a chur i bhfeidhm ag an Údarás, den chéad uair. Ba chinneadh seo ba dheacair a dhéanamh, ach ba chinneadh é a léirigh, tar éis an breithniú ba chúramaí a dhéanamh, a chreid an tÚdarás a theastaigh le déanamh le tromchúise na saincheisteanna a bhí i gceist a léiriú. Ba chás seo, chomh maith, inar aithin agus inar thaispeáin an tÚdarás aitheantas ar an réimse beart a ghlac an craoltóir chun cosc a chur ar aon atarlú.

Sa bhreis air sin, tugadh tús áite do leas an lucht féachana i ndréachtú an Chóid Chothroime sa nuacht agus i gcúrsaí reatha. Cuireadh an cód seo i gcrích agus bhí sé ina ábhar comhairliúcháin i gcaitheamh na bliana. Ráiteas tábhachtach é ar lárnacht an chraolacháin maidir le nuacht agus faisnéis neamhchlaonta a sholáthar don lucht féachana. Ar an gcuma chéanna, léiriú atá ann ar an bhfeidhm ríthábhachtach atá ag craolachán (mar aon leis na meáin go ginearálta) a chur ar chumas saoránach bheith rannpháirteach i mbeatha dhaonlathach an stáit. Bhí sé de chuspóir ag an gCód bunteidlíochtaí an lucht féachana a dhearbhú i dtaca le cur i láthair cothrom agus neamhchlaonta fíricí agus tuairimí.

Tuigeann an tÚdarás, dar ndóigh, go bhfuil craoltóirí tiomanta do chlársceidealú nuachta agus cúrsaí reatha ina gcuid sceideal agus déanann siad gach iarracht meas a léiriú ar an dlí agus amhlaidh á dhéanamh acu. Cúnamh mór do chách a bheidh i bhfíoras an Chóid, áfach, mar threoir do chraoltóirí, déantóirí clár agus, agus níos tábhachtaí, don lucht féachana. Láimhseáladh go han-chúramach na freagairtí machnamhacha ar an dréachtchód agus bhí athbhreithniú á dhéanamh ag an Údarás orthu tráth dheireadh na tréimhse atá á clúdach ag an tuarascáil seo.

Ar an gcuma chéanna, léirigh críochnú an chóid um chumarsáid tráchtála le leanaí gur tugadh tús áite do bhuarthaí agus leas an lucht féachana i measc ár gcuid freagrachtaí. Ba chéim thábhachtach le linn na bliana seo críochnú an chóid, a bhí ina ábhar comhairle cuimsithí saineolaíche, athbhreithnithe shonraigh agus freagairtí fairsinge ar an gcomhairliúchán poiblí.

Cuireadh tús, le linn na bliana agus laistigh den amchlár reachtúil, le tabhairt faoin athbhreithniú reachtúil ar chistiú na gcraoltóirí seirbhíse poiblí, RTÉ agus TG4. Cuireadh an obair seo i gcrích sula léifear an t-ábhar seo agus déanfar tuairisciú uirthi i dTuarascáil Bhliantúil 2013. Ach is ann do líon rudaí is féidir a lua anseo a léiríonn an cur chuige a ghlac an tÚdarás i leith na hoibre seo, a bheidh dlite le déanamh ag eatraimh chúig bliana as seo amach.

Léiríonn an cnuasach reachtaíochta ar chraolachán le caoga bliain anuas an fheidhm lárnach a bheartaítear a bheidh ag an gcraolachán i mbeatha an phobail seo. Ráiteas soiléir atá ann ar chumas an chraolacháin chun dul i ngleic le bunghnéithe na saoránachta. Déantar rialáil ar gach craolachán mar gheall go bhfuil cuspóir poiblí aige. Cé go ndéileálann an t-athbhreithniú seo, go príomha, leis an mbeirt chraoltóirí seirbhíse poiblí, ghlac an tÚdarás cur chuige soiléir i leith an athbhreithnithe agus lena dtuarascáil a réiteach don Aire, is gá dóibh breithniú a dhéanamh ar chraoltóirí eile seachas ar RTÉ agus TG4 agus breithniú a dhéanamh ar an timpeallacht chraolacháin níos fairsinge, ar an bpobal cruthaitheach a chuireann an oiread sin le hábhar cláir agus ar riachtanais agus ar leas an lucht féachana.

D'aithin an tÚdarás méid an dúshláin a bhí i gceist le tabhairt faoin athbhreithniú seo. Bhainfeadh tábhacht lárnach leis na torthaí, ní hamháin i dtaca leis an mbeirt chraoltóirí a bhí i gceist, ach le gach craoltóir agus, dar ndóigh, leis an lucht féachana agus an pobal níos fairsinge. Sonraítear neamhspleáchas eagarthóireachta na beirte craoltóirí sa dlí, ar fíric seo a fhearann an tÚdarás fáilte shoiléir roimpi. Gan an neamhspleáchas sin a shárú, bheadh ar an Údarás tuarascáil a chur i dtoll a chéile a aithneodh na freagrachtaí a bhaineann le cistiú poiblí, ceanglais dhlí na tíre agus na hEorpa agus leas fíorthábhachtach an lucht féachana.

Agus iad ag dul i ngleic leis an todhchaí chasta, leanfaidh an tÚdarás le haird a bheith acu ar inbhunaitheacht gach craoltóra, chun sármhaitheas a chur chun cinn agus a spreagadh sa chlársceidealú, chun díriú a choimeád ar an mbeartas a theastaíonn lena chinntiú go bhfuil fáil ar a mhéid ábhar Éireannach is féidir agus leas an lucht féachana a bheith mar a bpríomhábhar buartha.

Is mian liom, ar deireadh, a léiriú gur mór agam agus go bhfuilim an-bhuíoch as tiomantas agus dúthracht bhaill an Údaráis, lena n-áirítear an bhaint fhairsing a bhí acu in obair seachas i gcruinnithe foirmiúla an Údaráis, as rannpháirtíocht leanúnach na gCathaoirleach agus bhaill na gcoistí reachtúla agus as an gcomhoibriú agus as tacaíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus a chuid comhghleacaithe.

Bob Collins
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é 2012 an bhliain mheánach i Ráiteas Straitéise 2011-2013 an BAI ("an Straitéis"). Ba bhliain thábhachtach í chun go leor de phríomhchuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a chur chun cinn. I deas liom a thabhairt le fios gur éirigh go geal linn i réimse gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana agus go bhfuil an BAI ar an mbóthar ceart chun a ngealltanais laistigh den straitéis a chomhlíonadh faoi dheireadh 2013.

Ag tús na bliana, rinneadh plean oibre a chomhaontú leis an Údarás a rinne tosaíocht de líon príomhlimistéir sheachadta le linn na bliana. I measc na dtosaíochtaí bhí dhá mhór athbhreithniú reachtúla – an chéad athbhreithniú cúig bliana ar chistiú craoltóirí seirbhíse poiblí faoi Alt 124 (8) den Acht agus tosú athbhreithnithe ar 'Sound & Vsion II'; cur i gcrích an chéid imscrúdaithe reachtúil faoi Alt 53 den Acht, as ar eascródh, faoi dheoidh, feabhsú Chomhlíonadh Beartais an BAI chun Forfheidhmiú agus Smachtbhannaí a chuimsiú; plean ceadúnaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí raidió tráchtála a eascraíonn ó fhorbairt na Straitéise Seirbhísí Craolacháin in 2011 agus forbairt leanúnach na straitéise trí bliana TF a rinne tosaíochtaí de phróisis sa scéim 'Sound & Vision II'.

Cuireann príomhchorp na tuarascála sonraí cuimsitheacha ar fáil ar bhaint amach na bpríomhnithe inseachadta faoin straitéis i gcaitheamh na bliana. Tabharfaidh mé ráiteas achomair ar na buaicphointí thíos.

Cuireadh próiseas Alt 53 ar an gclár, "Mission to Prey", de chuid Primetime Investigates, i bhfeidhm agus i gcrích sna chéad chúig mhí den bhliain laistigh den amfhráma a bhí beartaithe againn. Ba phróiseas dian é inar theastaigh go leor acmhainní agus tacaíochta ó chomhairleoirí dlí lena chinntiú gur cuireadh na nósanna imeachta i ngníomh go cóir agus ar aon dul leis na forálacha reachtúla. Den chuid ba mhó, fuair lucht bainistíochta an phróisis aiseolas an-dearfach ó na príomhpháirtithe leasmhara ábhartha. Chabhraigh sé, trí fhoghlaim ón bpróiseas, i bhforbairt an Bheartais athbhreithnithe Chomhlíonta agus Forfheidhmithe a bheidh oibríochtúil in 2013.

Bhí tionchar chun cinn ag tosaíocht a dhéanamh d'acmhainní sinsearacha chun tacú le tionscadal Alt 53 ar an amlíne i gcás roinnt tionscadail eile, lena n-áirítear athbhreithniú cúig bliana ar chistiú le haghaidh craoltóirí seirbhíse poiblí agus an athbhreithnithe 'Sound & Vision II'. I gcás an athbhreithnithe cúig bliana, cuireadh seo chun cinn go mór sa dara leath den bhliain. Agus aird ar chastacht an tionscadail, lena n-áirítear an gá le cúig phlean chostáilte straitéiseacha cúig bliana a bheith seachadta ag RTÉ agus TG4, b'uaillmhianach go leor an amlíne le haghaidh chur i gcrích an tionscadail faoi dheireadh na bliana. Rinneadh mórdhul chun cinn, áfach, faoi dheireadh na bliana agus tá an t-athbhreithniú sceidealaithe le bheith curtha i gcrích sa chéad leath de 2013.

Níor bhain an tábhacht chéanna leis an athbhreithniú 'Sound & Vision' ó thaobh peirspictíocht amlíne de mar gheall go bhfuil an scéim reatha faofa go dtí Nollaig 2014. Cuireadh tús leis an athbhreithniú i Meán Fómhair agus bhí sé curtha go mór chun cinn faoi dheireadh na bliana agus bhí sé sceidealaithe le bheith curtha i gcrích faoi dheireadh an chéid ráithe in 2013. Mar is gnách, bhí oibriú leanúnach na scéime Sound & Vision fíor-ghnóthach agus leithdháileadh an méid ba mhó a leithdháileadh go dtí seo (€18.3 milliún) do 350 tionscadal i gcaitheamh ceithre bhabhta den scéim le linn na bliana. Dar ndóigh, d'úsáid an leithdháileadh seo an chuid ba mhó den riaráiste cistí agus cruthóidh seo dúshláin éagsúla i mblianta amach anseo mar gheall ar an gcistiú laghdaithe a bheidh ar tairiscint um an dtaca sin.

I gcúrsaí eile, ba í an tosaíocht TF don bhliain an tionscadal 'baionline' a chríochnú, a thacódh le feidhmeanna iarratais, conraitheoireachta agus comhlíonta na scéime Sound & Vision. Bhí seo sceidealaithe le "dul beo" go luath in 2013 agus cruthóidh sé mórshochair le haghaidh riar na scéime i measc fhoireann an BAI, agus níos tábhachtaí – ár bpáirtithe leasmhara seachtracha.

Gnóthas mór is ea Plean Ceadúnaithe 2012-2013 ónar theastaigh 25 próiseas ceadúnaithe a chur i bhfeidhm a chuimsigh athfhógraíocht na coda ba mhó de na seirbhísí reatha raidió tráchtála. Táthar ag tabhairt faoi na próisis trí mheascán den phróiseas nua reachtúil mear agus de na próisis níos traidisiúnta iomaíocha. Áiríodh leis an Acht nua líon castachtaí, lenar áiríodh iad siúd a bhain le feidhmeanna éagsúla an Choiste um Dheonú

Conarthaí agus an Údaráis i ngach próiseas. Gníomhaíocht is ea ceadúnú óna dteastaíonn go leor acmhainní, agus, anuas air sin, teastaíonn comhairle chuimsitheach dlí ar an bpróiseas féin agus na socruithe conraitheoireachta dá éis sin i gcás iarrthóirí rathúla. Faoi dheireadh 2012, bhí céim chun cinn bainte amach ag próisis maidir leis na chéad 12 cheadúnas a bhí dlite lena n-athnuachan, agus bhí gach ceann díobh éascaithe tríd an bpróiseas mear.

Le linn 2012, cuireadh líon tionscadal i gcrích ar cuireadh tús leo níos luaithe i saolré na straitéise. Ina measc seo bhí dhá thionscadal fhadthréimhseacha a bhíodh mar ábhar comhairliúcháin dhian le páirtithe leasmhara – an Cód um Chothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha agus forálacha an Chóid um Chumarsáid Tráchtála na Leanaí ar Aiste Bia agus Cothú. Rinneadh na Cóid seo a chríochnú ar leibhéal an Údaráis in 2012 agus bhí siad sceidealaithe le bheith seolta sa chéad leath de 2013. D'fhaomh an tÚdarás an chéad Scéim Chartlannaithe faoin gCiste Craolacháin lena tosú in 2013. Sa bhreis air sin, rinneadh an chéad athbhreithniú reachtúil ar na Rialacha Rochtana agus athbhreithniú ar an Tobhach Craolacháin a chríochnú le linn na tréimhse seo.

Is tábhachtach a lua, chomh maith, gur éascaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha baint an BAI sa tionscadal Múchta Analógaigh ("ASO") le linn 2012, agus baineadh conclúid rathúil amach ar lá an mhúchta an 24 Deireadh Fómhair. Ghlac an BAI páirt sa ghrúpa stiúrtha Roinne agus sna foghrúpaí a chuimsigh saincheisteanna ábhair, theicniúla agus chumarsáide.

Cé gur leag mé an bhéim phríomha ar na tionscadail tosaíochta sna hailt thuas, is tábhachtach a thabhairt chun solais go bhfuil na limistéir oibríochtúla a leanas gnóthach ar bhonn leanúnach: comhlíonadh, athrúcháin chonarthacha, airgeadais agus AD. Anuas air sin, ní mór don Fheidhmeannacht tacaíocht a sholáthar do dá choiste reachtúla a chuimsíonn Comhlíonadh agus Bronnadh Conarthaí agus ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca. Ba bhliain an-ghnóthach 2012 do na coistí agus imscrúdú Alt 53 agus Clár Túslíne an Uachtaráin i measc ghníomhaíochtaí an Choiste Comhlíonta agus ba mhórlimistéar gníomhaíochta cur i bhfeidhm an Phlean Ceadúnaithe don Choiste Bronnta Conarthaí. Rinne an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca maoirsiú ar an tuarascáil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar oibriú an Chiste Sound & Vision, anuas ar a ngníomhaíochtaí caighdeánacha.

Faoi mar ar tugadh breac-chuntas air níos luaithe, leagtar amach sonraí cuimsitheacha ar ghníomhaíochtaí uile an BAI i bpríomhchorp na tuarascála. Leanann an BAI le clár cuimsitheach oibre a sheachadadh agus i measc na dtosca a chabhraigh leis an gclár seo a sheachadadh tá tosaíocht a dhéanamh de na príomhghníomhaíochtaí agus d'oibriú leanúnach struchtúr maitríse ina sanntar an fhoireann do limistéir ghníomhaíochta faoi mar a thagann an gá aníos. Leanann an BAI le tacú le cur i bhfeidhm Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh i réimse próisis agus gníomhaíochtaí rialachais chorparáidigh, airgeadais agus riosca. Ina theannta sin, leanamar le costais reatha na heagraíochta a laghdú, as ar eascair, arís eile, íocaíochtaí laghdaithe tobhaigh don earnáil chraolacháin.

Ní fhéadfaimis an méid thuas go léir seo a bhaint amach gan tacaíocht agus tiomantas iomlán ár bhfoirne agus ba mhian liom a chur in iúl go bhfuiltear thar a bheith buíoch de seo agus is mian liom buíochas a ghabháil libh go léir as an tacaíocht seo.

Ar deireadh, ba mhian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Údaráis, na gCoistí um Dheonú Conarthaí, Comhlíonta agus Airgeadais, Iniúchta agus Riosca as ucht a dtiomantais agus an méid ar chuir siad le baint amach na straitéise in 2012.

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

An tÚdarás

Tá an tÚdarás freagrach trí chéile as oibríocht agus as feidhmiú an BAI, ina n-áirítear treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Tá naonúr comhaltaí san Údarás.

Bob Collins (Cathaoirleach)

Larry Bass

Paula Downey

An tOllamh Colum Kenny

Michelle Mc Shortall

An Dr Maria Moloney

Michael Moriarty

Siobhán Ní Ghadhra

John Waters

Bhuail an tÚdarás le chéile ceithre huaire déag in 2012.

BALL	TINREAMH
Bob Collins (Cathaoirleach)	14/14
Larry Bass	12/14
Paula Downey	10 /14
An tOllamh Colum Kenny	13/14
Michelle Mc Shortall	11/14
An Dr Maria Moloney	11/14
Michael Moriarty	14/14
Siobhán Ní Ghadhra	10/14
John Waters	11/14

An Coiste um Dheonú Conarthaí

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as oibriú na bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnais le haghaidh seirbhísí craolacháin agus oibríochtaí ilphléacsaithe. Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste; is é an Rialtas ar ainmniúchán an Aire a cheap ceathrar acu, agus is é an tÚdarás a cheap an ceathrar eile ina bhfuil beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannas an BAI. Is mar seo a leanas a bhí an bhallraíocht in 2012:

Ainmnithigh an Rialtais

An tUasal Siobhán Bourke, Cathaoirleach
An tUasal David Barniville SC
An tUasal Neil Leyden
An tUasal Eimer McGovern

Ainmnithigh an Údaráis

An tOllamh Colum Kenny (go Aibreán 2012)
An tUasal Michael Moriarty (go Aibreán 2012)
An tUasal John Waters (ó Aibreán 2012)
An tUasal Larry Bass (ó Aibreán 2012)

Ainmnithigh Fhoireann an BAI

An tUasal Celene Craig
An tUasal Neil O'Brien

Siobhán Bourke (Cathaoirleach)

David Barniville SC

Neil Leyden

Eimer McGovern

Bhuail an Coiste um Dheonú Conarthaí le chéile 8 n-uaire le linn 2012, agus is mar seo a leanas a freastalaíodh ar na cruinnithe:

BALL	TINREAMH
Siobhán Bourke	8/8
David Barniville	6/8
Larry Bass (ó Aibreán 2012)	6/6
Celene Craig	8/8
An tOllamh Colum Kenny (go Aibreán 2012)	0/2
Neil Leyden	6/8
Eimer McGovern	8/8
Michael Moriarty (go Aibreán 2012)	2/2
Neil O'Brien	7/8
John Waters (ó Aibreán 2012)	5/6

De réir a chuid feidhmeanna, bhí siad seo a leanas i measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste um Dheonú Conarthaí in 2012:

- Ag cur na bpróiseas ceadúnaithe ar bun, mar a threoraigh an tÚdarás, i gcomhréir le Plean Ceadúnúcháin an BAI 2012-2013;
- Nósanna imeachta agus ábhar a fhorbairt chun tacú le próisis cheadúnaithe brostaithe agus iomaíocha;
- Léirithe spéise a fhógairt agus a bhreithniú maidir le dhá limistéar déag saincheadúnais, i gcomhréir leis an bPlean Ceadúnúcháin;
- Daingniú foirmiúil an phróisis cheadúnaithe brostaithe maidir leis an dá limistéar déag saincheadúnais a fógraíodh;
- Iarratais a bhreithniú le haghaidh conarthaí craolacháin fuaime sealadacha;
- Iarratais a bhreithniú le haghaidh conarthaí soláthair lánais;

Tá sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí sin le fáil i bpríomhthéacs na tuarascála.

An Coiste um Chomhlíonadh

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as cúrsaí comhlíontachta a fhaire agus a fhorfheidhmiú, as gearáin a imscrúdú agus as roinnt feidhmeanna tuairiscithe. Tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste; is é an Rialtas ar ainmniúchán an Aire a cheap ceathrar acu, agus is é an tÚdarás a cheap an ceathrar eile, ina bhfuil beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannas an BAI. Is mar seo a leanas a bhí an bhallraíocht in 2012:

Ainmnithigh an Rialtais

An tOll. Chris Morash, Chairperson

An tUasal Aidine O'Reilly

An tUasal Edel Hackett

An tUasal Paula Mullooly

Ainmnithigh an Údaráis

An tUasal John Waters (go Aibreán 2012)

An tUasal Paula Downey

An tOll. Colum Kenny (ó Aibreán 2012)

Ainmnithigh Fhoireann an BAI

An tUasal Ciarán Kissane

An tUasal Stephanie Comey

An tOll. Chris Morash (Cathaoirleach)

Aidine O'Reilly

Edel Hackett

Paula Mullooly

Bhuail an Coiste um Chomhlíonadh le chéile 9 n-uaire le linn 2012, agus is mar seo a leanas a freastalaíodh ar na cruinnithe:

BALL	TINREAMH
An tOllamh Chris Morash	9/9
Stephanie Comey	9/9
Paula Downey	6/9
Edel Hackett	8/9
Colum Kenny (o Aibreán 2012)	4/6
Ciarán Kissane	9/9
Paula Mullooly	9/9
Aidine O'Reilly	4/9
John Waters (go Aibreán 2012)	3/3

De réir a chuid feidhmeanna, thug an Coiste um Chomhlíonadh faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2012, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Cuireadh imscrúdú i gcrích faoi Alt 53 den Acht maidir leis an gclár Primetime Investigates, "Mission to Prey", a craoladh ar bhealach RTÉ a hAon i mí na Bealtaine 2011;
- Cuireadh tús le himscrúdú maidir le Raidió Pobail Inis Eoin, anuas ar a chumhachtaí faoi Alt 50 agus Alt 51 den Acht. Scoir an tseirbhís den chraoladh agus foirceannadh a chonradh trí chomhaontú frithpháirteach go luath san imscrúdú;
- Breithníodh cibé ar theastaigh Imscrúdú Alt 53 maidir le clár RTÉ, 'The Frontline Presidential Debate 2011';
- Forbraíodh Plean um Chomhlíonadh a bhain le hathcheadúnú seirbhísí raidió tráchtála, mar a fhoráiltear i bPlean Ceadúnúcháin an BAI 2012-2013;

- Cinneadh na torthaí a bhí le 135 ghearán a rinne baill den phobal i gcoinne craoltóirí a bhain le mar a chomhlíon siad cóid agus caighdeáin chraolacháin.
- Rinneadh machnamh ar mar a d'éirigh le craoltóirí spriocanna na Rialacha Rochtana a bhaint amach;
- Ag tabhairt freagra ar chomhairliúcháin maidir leis an dréacht-Chód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta agus na hathbhreithnithe atá beartaithe a dhéanamh ar na Rialacha Rochtana;
- Bhíothas rannpháirteach in athbhreithniú ar na próisis agus na nósanna imeachta a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh faoi Alt 53 den Acht;

Tá sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí sin le fáil i bpríomhthéacs na tuarascála.

An Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (AIR)

Bunaíodh an Coiste AIR mar coiste den Údarás in 2010. Tá acu réimse freagrachtaí agus dualgais a chuimsíonn córais rialaithe inmheánaigh, iniúchadh seachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialúchain airgeadais. Faoina dTéarmaí Tagartha, ceanglaítear ar an gCoiste chun faisnéis a thabhairt don Údarás nach lú ná ceithre huaire sa bhliain maidir lena ndualgais éagsúla.

Bhuail an Coiste AIR le chéile 8 n-uaire le linn 2012, agus is mar seo a leanas a freastalaíodh ar na cruinnithe:

Siobhán Ní Ghadhra	7/8
Michelle McShortall	6/8
Dr. Maria Moloney	6/8
Michael Moriarty	5/8
Larry Bass (go Aibreán 2012)	1/3

Tá sonraí maidir le gníomhaíochtaí an AIR le fáil i bpríomhthéacs na tuarascála.

Struchtúr Eagraíochta agus Foireann an BAI

Tá obair an BAI á treorú ag Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh agus faightear tacaíocht ó fhoireann bainisteoirí sinsearacha a dhéanann, i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh, formhaoirsiú ar fheidhmiú straitéise agus pleanála don eagraíocht trí chéile. Feidhmíonn an BAI struchtúr maitríse ina n-oibríonn an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó. Leis sin cuirtear acmhainní ag obair go héifeachtach agus go héifeachtúil cibé áit agus cibé uair a bhíonn siad ag teastáil.



Comhaltaí an Fheidhmeannais

Tá cuntas thíos ar an bhfoireann go léir a bhí fostaithe ag an BAI an 31 Nollaig 2012:

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh	*An Príomhfheidhmeannach* Michael O'Keeffe *Leas-phríomhfheidhmeannach* Celene Craig.
Bainisteoirí Sinsearacha	Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Margaret Tumelty.
Bainisteoirí	Diarmaid Breathnach, Aoife Clabby, Brian Furey, Sally Kennedy, Declan McLoughlin, Niamh Ní Bhroin, Clare O'Sullivan, Ruth-Blandina Quinn, Andrew Robinson, Roger Woods.
Oifigigh Feidhmiúcháin	Jill Caulfield, Gillian Collins, Philip Cooper, Elizabeth Farrelly, Tim Flynn, Teresa Kearns, Patricia Kelly, Louise McLoughlin, Marie Murphy, Sinéad Owens, Sarah Traynor.
Oifigigh Chléireachais	Rachel Casey, Jessica Scott.
Foireann Monatóireachta	Andrea Leonard, Annette Stone, Jeanne Spillane, Fionnuala Murphy, Deborah Molloy, Barry Casey, Simon Conneally.

2 ILLCHINEÁLACHT A CHINNTIÚ

Soláthar Raon Éagsúil Seirbhísí agus Lánas Craolacháin a Éascú

An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin

Éilítear san Acht Craolacháin ar an Údarás straitéis fhoirmiúil a leagan amach maidir leis na seirbhísí craolacháin ba chóir a sholáthar sa Stát. Tar éis tréimhse inar díríodh ar pháirtithe leasmhara, agus comhairliúchán poiblí, in 2011, d'fhoilsigh an BAI a Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin (SSC) i mí an Mhárta 2012.

Is é príomhchuspóir an SSC féachaint as an nua ar conas is fearr a d'fhéadfaí freastal ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta reatha agus amach anseo trí na seirbhísí a bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás, de réir dlí, a cheadúnú. Tugtar cuntas sa Straitéis ar fhís an Údaráis don mheascán is fearr seirbhísí craolacháin in Éirinn agus leagtar amach ann conas a chuirfidh an tÚdarás a fheidhmeanna reachtúla agus a chleachtais rialúcháin i bhfeidhm thar shaolré na straitéise, ionas go mbeidh sé níos éasca an fhís sin a thabhairt i gcrích.

Is í an SSC ceann de na príomhbhealaí trína gcomhlíonann an tÚdarás a chuspóir reachtúil ó thaobh iarracht a dhéanamh a chinntiú gurb iad líon agus na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh. Rud eile tábhachtach, ná go dtreoraítear inti cur chuige an Údaráis maidir le ceadúnú seirbhísí craolacháin. Tacaítear sa SSC freisin le soláthar seirbhísí craolacháin oscailte agus iolraíocha in Éirinn.

Raon na Seirbhísí

Tá ceadúnú ón BAI ag raon leathan seirbhísí teilifíse agus raidió; ina measc tá 3 sheirbhís teilifíse thráchtála (TV3, 3e, Setanta Sports Ireland), ceadúnú lánais teilifíse le hiompar ar ardáin éagsúla agus 34 stáisiún tráchtála a chraoltar ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus/nó áitiúil. Tugann sé ceadúnas freisin do 25 sheirbhís raidió pobail agus 3 sheirbhís theilifís phobail. In 2012, rinneadh dul chun cinn mór i dtaca le Plean Ceadúnúcháin 2012-2013 na heagraíochta a bhrú chun cinn le haghaidh seirbhísí raidió tráchtála.

Freastalaíonn an BAI freisin ar lucht féachana nideoige trí sheirbhísí raidió institiúideacha atá ag feidhmiú in ospidéil i gCorcaigh, Luimneach, Baile Átha Cliath agus Tiobraid Árann a cheadúnú, chomh maith le raon seirbhísí raidió sealadacha a cheadúnú.

Plean Ceadúnúcháin

Rinne an tÚdarás obair mhór sa chuid deiridh de 2011 agus é i mbun machnaimh ar cad ba chóir a bheadh i gceist le cúrsaí ceadúnúcháin thar an tréimhse 2012-2013, ag eascairt ón SSC. Agus cinneadh déanta faoi phríomhfhócas an Phlean Cheadúnúcháin bheadh gá le hathcheadúnú a dhéanamh ar sheirbhísí reatha a bhfuil a gcuid conarthaí ar tí dul in éag, tugadh faoi chomhairliúchán poiblí i mí an Mhárta maidir le dréachtphlean um cheadúnú le haghaidh seirbhísí raidió analóige sa tréimhse. Fuair an comhairliúchán tacaíocht ó ollsuirbhé inar féachadh le leibhéil sástachta a dheimhniú i measc bhaill den phobal leis na seirbhísí atá ceadúnaithe ag an Údarás.

Ardaíodh roinnt saincheisteanna ginearálta sa phróiseas comhairliúcháin, go háirithe maidir le conas a shamhlaigh an BAI a d'fhéadfaí éifeacht phraiticiúil a thabhairt don phróiseas ceadúnúcháin, mar atá leagtha amach san Acht Craolacháin. Tháinig roinnt fiosruithe chun cinn freisin maidir le leithdháileadh minicíochta ar an mbanda MW/AM, ach shocraigh an tÚdarás, i bhfianaise thaithí an BAI seirbhísí AM a cheadúnú go dtí seo, go mb'fhearr an rud é athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na seirbhíse Spirit FM ar meántonn sula mbreithneofaí dul ar aghaidh le tuilleadh ceadúnúcháin ar an mbanda sin.

Fuarthas iarratais sa phróiseas comhairliúcháin freisin ar cheadúnais bhreise ar leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, ní raibh an tÚdarás sásta na hiarratais sin a fhorbairt tuilleadh, mar gheall nach raibh líonra náisiúnta iomlán ar fáil ar an mbanda FM, agus mar gheall ar na dálaí eacnamaíocha freisin.

Agus machnamh déanta ar thorthaí an phróisis chomhairliúcháin, d'ordaigh an tÚdarás gur chóir don Choiste um Dheonú Conarthaí iarratais a lorg i 24 limistéar saincheadúnais ina raibh na conarthaí ar sheirbhísí reatha ar tí dul in éag thar an tréimhse 2012/2013, mar seo a leanas:

- **Cúige Mumhan**
  - 5 sheirbhís i bhformáid leathan: Ciarraí, An Clár, Tiobraid Árann, Cathair agus Contae Chorcaí (aoisghrúpa 25+), agus Cathair agus Contae Phort Láirge;

- 3 sheirbhís ina gcuirtear béim ar cheol, ceann do Chathair agus do Chontae Chorcaí (aoisghrúpa 25+), Cathair agus Contae Chorcaí (aoisghrúpa 15-34), agus san Oirdheisceart (aoisghrúpa 15-34) (Port Láirge, Loch Garman, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas agus Chill Mhantáin Theas).

- **Connacht/Ulaidh**
  - 6 sheirbhís i bhformáid leathan: Cathair agus Contae na Gaillimhe, Maigh Eo, Tuaisceart Dhún na nGall, Sligeach/Tuaisceart Liatroma/Deisceart Dhún na nGall, An Longfort/Ros Comáin/ Deisceart Liatroma, agus an Cabhán/Muineachán.
- **Cúige Laighean gan Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath san áireamh**
  - 6 sheirbhís i bhformáid leathan: Lú/An Mhí, Cill Dara, Ceatharlach/Cill Chainnigh, Loch Garman, Cill Mhantáin, Laois/Uíbh Fhailí/An Iarmhí.
- **Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath**
  - 3 sheirbhís ina gcuirtear béim ar cheol don aoisghrúpa 15-34 bliain agus ina ndírítear ar cheol ginearálta; don aoisghrúpa 15-34 bliain ina ndírítear ar nuacheol; agus don aoisghrúpa 25-44 bliain.
  - 1 seirbhís nideoige ina gcuirtear béim ar cheol.

Nuair a fuair sé treoir ón Údarás, chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí tús leis an bpróiseas a bhaineann leis na seirbhísí atá leagtha amach i bPlean Ceadúnúcháin an Údaráis 2012-2013 a athcheadúnú. Toisc gurb é 2012 an chéad bhliain ag aon seirbhís raidió tráchtála ceadúnas a fháil faoi Acht 2009, rinneadh obair mhór chun na forálacha reachtúla a bhain le seirbhísí tráchtála ceadúnúcháin a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm agus próisis a fhorbairt i dtaca leis na céimeanna éagsúla atá i gceist.

Agus aird ar na dátaí a rachaidh na ceadúnais atá ag conraitheoirí reatha in éag, lorg an Coiste um Dheonú Conarthaí ar dtús báire léirithe spéise i mí Iúil chun seirbhísí raidió tráchtála a sholáthar in dhá cheann déag den cheithre limistéar is fichead saincheadúnais. Fuarthas dhá cheann déag de léirithe spéise ar an iomlán ó na Sealbhóirí i ngach limistéar saincheadúnais. D'fhógair an Coiste ansin go raibh sé beartaithe aige tabhairt faoi mhear-phróiseas iarratais ar cheadúnas le gach sealbhóir. Toisc nach bhfuarthas aon léiriú intinne eile ina dhiaidh sin ó aon pháirtí leasmhar eile, thug an Coiste fógra do gach sealbhóir go raibh sé ag gairm an mear-phróiseas iarratais. Samhlaíodh go ndéanfaí fógraíocht ar an gcéim um Léiriú Spéise don dá sheirbhís déag a bheadh fágtha go luath in 2013.

Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe Breise

Déanann an Coiste um Dheonú Conarthaí athbhreithniú ar cheadúnais nua gach bliain agus bronnann sé iad.

In 2012 mhol an Coiste don Údarás go dtabharfaí ceadúnas do scór seirbhís craolacháin fuaime sealadach. Mhair na ceadúnais suas le 30 lá agus is éard a bhí sna seirbhísí a bhí i gceist ná meascán d'institiúidí oideachais, féilte, grúpaí deonacha agus creidimh. Próiseáladh ocht n-iarratas ar threoirsheirbhísí pobail freisin le linn na bliana. Faoin Acht Craolacháin is féidir le treoirsheirbhísí pobail ceadúnas a fháil a mhairfidh suas le 100 lá.

Méadaíodh an uasthéarma féideartha le haghaidh seirbhíse institiúide ó 5 go dtí 10 mbliana agus bhí feidhm le táille iarratais chaighdeánach €650.

Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT)

Lean an BAI dá rannpháirtíocht ar Choiste Stiúrtha DTT, a bhunaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ba é an rud ba mhó a baineadh amach in 2012 ná nuair a múchadh an córas analóige i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh ar athló go dtí an chéad leath de 2013 an t-athbhreithniú beartaithe ar an gcumas ilphléacsanna a cheadúnú le haghaidh DTT tráchtála.

Bhí an BAI freagrach freisin as cathaoirleacht fhoghrúpa ábhair an Choiste Stiúrtha, a raibh sé de chúram air lánas breise a fháil don ardán DTT, Saorview, atá á fheidhmiú ag RTÉ. Bhí an foghrúpa dírithe in 2012 ar chainéil a shocrú ar ardán DTT Saorview. Cé go rabhthas ar aon intinn le craoltóirí maidir le suíomh na seirbhísí reatha, d'aontaigh an BAI cód cleachtais a fhorbairt maidir le leithdháileadh uimhreacha ina gcuirfí san áireamh na prionsabail maidir le rochtain chothrom, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach i dtaca le cainéil nua ar an ardán DTT.

Níor cuireadh aon chainéil bhreise leis an ardán in 2012, agus d'fhan na soláthraithe lánais fhéideartha leis an toradh a bheadh ar athbhreithniú ComReg ar chostais carraeireachta.

Ag teacht lena sprioc seachadta straitéisigh freagra a thabhairt ar chomhairliúcháin maidir le cúrsaí craolacháin, chuir an BAI freagairt mhionsonraithe isteach ar chomhairliúchán ComReg maidir leis an Athbhreithniú ar an Margadh Seirbhísí Tarchurtha Craolacháin in Éirinn. Thacaigh an BAI le dréacht-ionstraimí cinnidh ComReg maidir leis an margadh le haghaidh rochtain mhórdhíola ar sheirbhísí tarchurtha craolacháin trastíre náisiúnta chomh maith leis an margadh le haghaidh seirbhísí ilphléacsaithe DTT.

Bainistíocht Speictrim

Lean an BAI ag obair le gníomhaireachtaí náisiúnta agus le cinn eile sa RA i ngníomhaíochtaí pleanála speictrim le linn na bliana.

Bhí cruinnithe ar siúl le páirtithe leasmhara agus le comhlachtaí an rialtais chun pleananna a phlé le haghaidh raidió digitigh agus leithroinntí minicíochta. Leanadh de phleanáil DTT leis an RA ar feadh 2012 agus bhí 3 chruinniú ar siúl. Cuireadh an athphleanáil mhinicíochta chun freastal ar an díbhinn digiteach i gcrích agus aontaíodh é leis na húdaráis sa RA. Thángthas ar chomhaontú maidir le hocht gcainéal ag na príomhláithreáin, agus rinneadh cúpla cainéal a bhí ag tortadh ó thuaidh a chothabháil ag Clermont Carn agus sa Trosc Mór. Beidh deis ann leis na pleananna sin ilphléacsanna DTT tráchtála agus PSB breise a chur i bhfeidhm sa todhchaí.

Bhí cruinniú pleanála minicíochta DAB ar siúl idir an BAI agus údaráis na RA i dtreo dheireadh na bliana, agus cuireadh béim faoi leith ar theacht ar aontú maidir le forfheidhmiú na n-ilphléacsanna DAB náisiúnta.

An Ciste Craolacháin

Gach bliain, déantar 7% den ioncam a ghintear le táille an cheadúnais teilifíse a leithdháileadh ar an gCiste Craolacháin chun foráil a dhéanamh le haghaidh scéime, nó le haghaidh roinnt scéimeanna chun cistí a dheonú. In 2012 fuarthas €14.184m ón Státchiste isteach sa chiste, laghdú de bheagán ar fhigiúr 2011 de €14.42m. Tacaíonn an ciste le dhá scéim, an Scéim Sound & Vision II agus an Scéim Chistiúcháin chun Bunábhar Clár a Chartlannú (Scéim um Chartlannú Craolacháin).

Sound & Vision II

Bunaíodh an scéim chun tacú le forbairt clár raidió agus teilifíse ar ardchaighdeán, i nGaeilge agus i mBéarla, ina ndéantar iniúchadh ar théamaí a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann i gcomhthéacsanna comhaimseartha nó stairiúla.

Cuimsítear in Sound & Vision II freisin tacaíocht na gclár chun litearthacht sna meáin nó do dhaoine fásta a fheabhsú agus cláir ina láimhseáiltear saincheisteanna domhanda a mbíonn tionchar acu ar an Stát agus ar thíortha eile. Cheadaigh an tAire agus an AE an Scéim in Eanáir 2010 ar feadh tréimhse cúig bliana.

Riaradh ceithre bhabhta de Sound & Vision II in 2012 le leithdháileadh neasach de €3.5m i ngach babhta. Príomh-athrú a bhain le struchtúr an bhabhta ná gur osclaíodh gach babhta d'iarratais le haghaidh raidió agus teilifíse; reáchtáladh babhtaí ar leithligh i gcás gach babhta roimhe sin. Tharla an t-athrú sin ar chúiseanna éagsúla, an ceann ba thábhachtaí acu an gá a bhí le freagra a thabhairt ar iarratais a tháinig ón earnáil le haghaidh babhtaí níos minice.

Mar gheall ar chistí breise a bheith ar fáil agus líon an-ard d'iarratais incháilithe, bhí an BAI in ann suimeanna a dheonú a bhí níos mó ná an méid leithroinnte le haghaidh gach babhta.

Rinneadh measúnú ar 857 iarratas le linn na bliana, méadú mór 23% ar líon na n-iarratas a próiseáladh in 2011. Lorgaíodh €48.7m i bhfoirm maoinithe ó mheascán craoltóirí agus léiritheoirí neamhspleácha. D'éirigh le 350 iarratas, agus fuarthas dáileadh maoinithe suas le €18.3m. Bhí 72% de na cláir a fuair maoiniú i mBéarla agus ba chláir Gaeilge/dátheangacha a bhí sa 28% eile.

Is é an dáileadh maoinithe trí Sound & Vision II an chéad chéim a bhíonn i gceist leis an scéim. Déantar plé ansin ar chonradh le haghaidh gach togra agus eisítear íocaíochtaí um chomhlíonadh ag céimeanna éagsúla d'fhorbairt cláir. Síníodh 283 chonradh in 2012 agus rinneadh athbhreithniú ar 32 thogra ar an meán in aghaidh na míosa agus ceadaíodh iad i gcomhair íocaíochta.

Agus babhtaí maoinithe Sound & Vision II á bpleanáil le haghaidh 2013, bhí a fhios ag an Údarás go mbeadh cistí níos teoranta ar fáil mar gheall ar an ngá foráil a dhéanamh don Scéim um Chartlannú agus do laghdú sna barrachais a bhí ar fáil. Socraíodh dá bhrí sin go ndéanfaí trí bhabhta de Sound & Vision II in 2013 agus fógraíodh na dátaí i gcomhair gach babhta i dtreo dheireadh 2012.

Raidió

D'fhág an t-athrú ar an gcur chuige maidir le struchtúir na mbabhtaí, mar aon le leithdháileadh maoinithe níos mó gur tháinig méadú suntasach ar mhaoiniú do raidió i gcomparáid le 2011. Fuair 269 gclár dáileadh maoinithe de €2.9m. I measc an phacáiste de thograí rathúla bhí 12 thionscadal drámaí raidió agus meascán de chláir faisnéise, oideachais agus siamsaíochta. Ionchorpraíodh sa seánra faisnéise, go príomha, inar déileáladh le stair agus oidhreacht, an tsochaí chomhaimseartha agus na healaíona agus cultúr.

Buaicphointí Maoinithe agus Craoltóireachta

I measc na mbuaicphointí maoinithe ar fiú trácht orthu in 2012 bhí dhá chlár faisnéise dírithe ar an Titanic, craoladh ceann ar Youghal Community Radio agus an ceann eile ar Tipp FM, agus tháirg Radio Kerry drámaíocht raidió inar insíodh an scéal faoi Thubaiste an Lusitania. Bhí drámaíocht raidió freisin le cloisteáil ar KCLR, a fuair maoiniú as trí thionscadal drámaíochta faoi leith sa bhliain. Fuair RTÉ Lyric FM maoiniú as cláir inar díríodh ar an gcaidreamh a bhí ag WB Yeats leis an gceol, agus bhí taifeadtaí den chéad uair de bhileoga ceoil maidir le roinnt dá chuid drámaí. Fuair an stáisiún pobail NEAR FM maoiniú le haghaidh tionscadail lena raibh baint ag leabharlanna áitiúla inar díríodh ar obair Joyce a léiriú don phobal trí reacaireachtaí agus roinnt aithrisí. San iarthar, fuair Community Radio Caisleán an Bharraigh tacaíocht chun sraith dhá chuid a dhéanamh inar féachadh ar an gconair turasóireachta Glasbhealach Mór an Iarthair i Maigh Eo.

I measc na tacaíochta a fuair cláir do dhaoine óga bhí tionscadal a fuair tacaíocht ó sheirbhís dhigiteach RTÉ (RTÉ Junior) ina raibh leanaí bunscoile ag cur a gcuid scéalta féin i láthair. Soláthraíodh maoiniú freisin don tseirbhís réigiúnach don óige, BEAT FM, as sraith inar cuimsíodh míreanna trí nóiméad ar shaintréithe sainiúla a bhaineann le 130 baile agus sráidbhaile

san Oirdheisceart. Bhí an tionscadal sceidealaithe le léiriú i gcomhar le scoileanna áitiúla i ngach ceann de na limistéir ábhartha.

Ainmníodh roinnt de na cláir Sound & Vision a fuair maoiniú le haghaidh na ngradam PPI Radio agus fuair siad an t-ainmniúchán sin in 2012 lena n-áirítear 'The Cot Fisher Kings', á chraoladh ag KCLR agus 'Four Seasons in the Wild', á chraoladh ar Radio Kerry.

Teilifís

Dáileadh os cionn €15.3m chun tacú le táirgeadh 81 tionscadal teilifíse le craoladh ar stáisiúin seirbhíse poiblí, tráchtála agus stáisiúin teilifís phobail. Cé gur lean cláir faisnéise ag fáil an líon is mó maoinithe, tugadh tacaíocht láidir freisin do bheochana, drámaí agus do thograí siamsaíochta.

Buaicphointí Maoinithe agus Craoltóireachta

I measc na mbuaicphointí maoinithe bhí dráma dar teideal 'Run and Jump', scéal inar díríodh ar bhean Éireannach a bhí ar a dícheall ag iarraidh a teaghlach a thabhairt slán tar éis dá fear céile stróc a fháil; léargas iardhearcach ar an tsraith Radharc ar RTÉ 1, chomh maith le maoiniú chun drámú a dhéanamh ar an úrscéal *'The Sea'* le John Banville Buaiteoir na duaise Man-Booker.

Soláthraíodh maoiniú freisin le haghaidh sraith nua ceoil/oideachais a bhí dírithe ar theaghlaigh, clubanna agus pobail a spreagadh chun úsáid a bhaint as uirlis agus tosú ag seinm. Tá an sraith le craoladh in 2013 ar RTÉ 1 agus díreofar sa tsraith ar 6 dhuine aonair, 3 a bhfuil aithne mhaith orthu agus 3 as an bpobal.

I measc na mbuaicphointí maoinithe ar fiú trácht orthu a tugadh do chláir Gaeilge bhí gné bheochana, *'An Béal Bocht'*, le haghaidh TG4, bunaithe ar an aon úrscéal Gaeilge a bhí ag Flan O'Brien agus *'Leaids mar Dheaids'*: sraith ilardáin 6-chuid ina ndéantar scannánú ar 3 fear as Éirinn, duine i ndeireadh a chuid déaga, duine atá beagnach 30, agus duine i ndeireadh a 40í, agus iad ag réiteach le bheith ina n-athair den chéad uair. Tugadh tacaíocht maoinithe freisin le haghaidh clár faisnéise ar Frithdhúnadh 1913 le comóradh céad bliain na hócáide a cheiliúradh, agus fuair sraith eile de Corp+Anam maoiniú mór tríd an Scéim.

Moladh go bhfaigheadh dráma 3-chuid ar shaol Charles Haughey maoiniú suntasach de €1m freisin, agus craolfar é sin ar RTÉ 1. Is iad Element Films a dhéanfaidh léiriú ar *'Citizen Charlie'* agus is tacaíocht ón BAI a bhí in 27% den bhuiséad iomlán.

I gcás teilifís tráchtála fuair dráma bunaithe i nGaillimh maoiniú le craoladh ar TV3. Bhí *'Deception'*, sraith dúnmharaithe uirbigh sé-chuid á chraoladh ar TV3 freisin agus iad ag tacú le drámaí teilifíse a rinneadh anseo in Éirinn. Tionscadal mór drámaíochta eile don stáisiún céanna ab ea *'Gold'*, príomhscannán grinn faoi fhear a fhilleann ar a bhaile dúchais chun cuairt a thabhairt ar a athair atá tinn agus cuirtear iallach air dul i dteagmháil arís lena iníon agus lena pháirtí a raibh sé scartha uathu. Fuarthas tacaíocht freisin le haghaidh 'The Big House', clár faisnéise atá le craoladh ar TV3 inar piocadh teach mór amháin in Éirinn agus cuireadh sliocht díreach na bhfear agus na mban a bhí ina gcónaí agus ag obair ann ag obair ann... thuas staighre agus thíos staighre. Is é Big Mountain Productions a léirigh an clár agus fuair sé maoiniú roimhe sin tríd an Scéim le haghaidh na sraithe cáiliúla 'The Tenements'.

Fuair Teilifís Pobail Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí tacaíocht mhaith tríd an Scéim agus áiríodh tacaíocht le haghaidh clár faisnéise faoi Mother Jones, imirceach as Corcaigh a chuaigh go SAM sa 19ú haois, a raibh sé de cháil uirthi gurbh í an 'bhean ba chontúirtí i Meiriceá í' mar gheall ar a cuid oibre ag eagrú gluaiseachta saothair. Tugadh tacaíocht do DCTV freisin le haghaidh 'Culture Night TV'.

Mar gheall go gcuirtear an bhéim sa Scéim um Maoiniú Craolacháin ar chláir d'ardchaighdeán faoi chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, arís eile is bealach maith a bhí ann tomhais a thabhairt ar rath na Scéime i dtaca leis sin nuair a fuair 23 de na tograí teilifíse a fuair maoiniú i mbabhtaí roimhe sin ainmniúchán le haghaidh IFTAs agus bhain 5 thogra gradaim amach ag an ócáid bhliantúil. Ina measc sin bhí an clár faisnéise Gaeilge a raibh an-tóir air 'Lón sa Spéire', gradam faisnéise do 'Congo 1961' agus gradam don chlár fíriciúil 'The Radharc Squad'.

Feasacht maidir leis an Scéim Sound & Vision II

Lean an BAI dá chuid oibre leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara eile i rith na bliana, ag insint dóibh faoi Sound & Vision II agus ag dul i gcomhairle tuilleadh maidir le feabhsúcháin ar an Scéim agus oibriú na scéime. Rinneadh cur i láthair ag ollscoileanna agus ag líonraí tionscail ar fud na tíre agus mar thoradh ar an bhfeasacht phoiblí méadaíodh an t-éileamh a bhí ar mhaoiniú go mór i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Athbhreithniú Reachtúil ar Sound & Vision II

Éilítear le hAcht 158 den Acht Craolacháin 2009 ar an Údarás tabhairt faoi athbhreithniú ar an Scéim Sound & Vision II gach trí bliana. Tá sé i gceist le torthaí an athbhreithnithe go dtabharfaí treoir do chinntí an Údaráis in 2013 maidir le fócas na scéime, nó scéimeanna a thiocfadh in ionad na scéime reatha Sound & Vision II. Tá cead AE don scéim reatha ar tí dul in éag ag deireadh 2014. Éilítear san Acht go ndéanfaí athbhreithniú ar fheidhmiú, éifeachtacht agus ar thionchar na Scéime, mar aon le tiomantas i ndoiciméad na Scéime "rath Sound & Vision II a thomhas i gcoinne a cuid cuspóirí".

Bhí cainteanna fairsinge maidir leis an athbhreithniú ar Sound & Vision II ar siúl sa chéad leath de 2012, lena n-áirítear machnamh ar raon feidhme an athbhreithnithe; an méid ionadaíochta a bhí ag seánraí éagsúla clár; ról na gcraoltóirí ó thaobh tacú le hiarratais ar mhaoiniú; agus chomh mór is a d'fhéadfaí éifeachtacht a fheabhsú maidir le lánas. Rinneadh machnamh freisin ar an ngné scéim deontais a bhain leis an Scéim reatha agus conas a d'oir sé sin laistigh den phróiseas coimisiúnaithe foriomlán a bhain le craoltóireacht.

I ndiaidh na gcainteanna sin, ceadaíodh an cur chuige beartaithe maidir le hathbhreithniú na Scéime agus bunaíodh fochoiste ar a raibh baill den Údarás agus den fhoireann feidhmiúcháin chun bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas athbhreithnithe. I mí Lúnasa, ceapadh na sainchomhairleoirí Crowe Horwath chun an t-athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an BAI. Measadh go ndéanfadh an tÚdarás a machnamh ar thorthaí an athbhreithnithe sa chéad leath de 2013.

Scéim Chistiúcháin chun Bunábhar Clár a Chartlannú (Scéim um Chartlannú Craolacháin)

Is é aidhm na Scéime um Chartlannú Craolacháin forbairt an chultúir ar mhaithe leis an gcartlannú a spreagadh agus tacú leis in earnáil chraolacháin na hÉireann trí chéile.

Fuair an Scéim um Chartlannú Craolacháin, arna dréachtú ag an BAI, cead ón gCoimisiún Eorpach agus foilsíodh í ar shuíomh Gréasáin an BAI i mí na Bealtaine. Breithníodh roinnt roghanna ar feadh 2012 maidir le feidhmiú agus cur i bhfeidhm na Scéime, agus aird ar pharaiméadair na Scéime, ar an mbuiséad atá ar fáil, agus ar raon cúrsaí riaracháin. Rinneadh machnamh ar an ngá agus an imní atá ann maidir le cartlannú a dhéanamh ar lánas craolacháin níos ginearálta agus na cineálacha cur chuige arna nglacadh ag craoltóirí Éireannacha go dtí seo maidir leis sin.

Chinnigh an tÚdarás ar dhá thosaíochta maidir le cartlannú. I dtoasch báire lorgófaí iarratais ar bhabhta oscailte, ag tabhairt cuireadh d'iarratais chun lánas a chartlannú, le fócas ar leith ar "lánas i mbaol" agus aird ar aighneacht an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Scéim um Chartlannú.

Chomh maith le sin bunaíodh pointe rochtana láraithe a bhunú le haghaidh lánas craolacháin a chuirfí i gcartlann. Is í an chéad chéim sa phróiséas seo ná cleachtais chartlannú reatha a chur ar bun i measc chraoltóirí.

Bhí an chéad ghlao ar thograí sceidealaithe le foilsiú go luath in 2013 agus chuirfí €2.8m ar an iomlán i dtacaíocht maoinithe ar fáil.

3 IOLARTHACHT A CHINNTIÚ

Tá sé riachtanach go mbeadh an prionsabal trína gcinntítear peirspictíochtaí difriúla agus tuairimí difriúla lárnach i gcónaí do rialú cúrsaí craolacháin in Éirinn, agus go mbeidh an muinín agus iontaoibh ag daonra na hÉireann in úinéireacht, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht foinsí nuachta agus faisnéis craoltóireachta na hÉireann.

Cuspóir straitéiseach lárnach de chuid an BAI i dtreo iolrachas a chinntiú is ea an timpeallacht craolacháin a éascú ina gcuirtear chun cinn meascán de chraoltóireacht seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail. Tá sé mar chuspóir freisin beartais, cóid agus nósanna imeachta a bhunú ina gcuirtear chun cinn agus ina dtacaítear le hiolrachas i dtéarmaí tuairimí, aschur agus foinsí.

Úinéireacht agus Rialú

Foilsíodh Beartas athbhreithnithe Úinéireachta agus Rialaithe an BAI (2012) san Aibreán agus tháinig sé in ionad an bheartais roimhe sin, a bhí i bhfeidhm ó 2010. Dearadh an beartas athbhreithnithe chun forbairt leanúnach earnáil chraolacháin inmharthana agus éagsúil a éascú a bhfuil iolrachas úinéireachta mar shaintréith aige. Dearadh an beartas freisin d'fhonn soiléireacht agus cinnteacht a thabhairt maidir leis an gcur chuige rialála a bheidh le glacadh agus na rialacha a bheidh i bhfeidhm. Nuair a seoladh é, bhí sé mar rún luaite ag an Údarás go ndéanfadh an beartas trí chéile cothromaíocht ar riachtanais earnáil chraolacháin dhúchasach atá ag athrú go mear leis an gceanglas reachtúil iolrachas tuairimí, aschuir agus foinsí a chinntiú ar mhaithe le héisteoirí agus le lucht féachana. Úsáideann an BAI an beartas chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí craolacháin agus iad i mbun measúnaithe ar éagsúlachtaí maidir le struchtúir úinéireachta agus rialaithe sealbhóirí conarthaí.

Tá roinnt forálacha reachtaíochta mar bhonn is mar thaca ag an mbeartas, is é sin Acht Craolacháin 2009, an tAcht Iomaíochta 2002 agus Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc an AE. Soláthraítear sna sé chuspóir beartais an comhthéacs foriomlán le haghaidh fhorbairt agus chur i bhfeidhm an bheartais, chomh maith le measúnú ar aon tograí úinéireachta agus rialaithe. Baineann na cuspóirí le hiolrachas; éagsúlacht tuairimí, aschuir, foinsí agus rialú; iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaon a chothú agus; a chinntiú go bhfreastalóidh éiteas seirbhíse craolacháin ar an mbealach is fearr ar riachtanais an lucht féachana a bhfuil ceadúnas aige chun freastal orthu.

Baineann mionsonraí an bheartais le raon fachtóirí lena n-áirítear:

- Léirmhíniú an BAI ar na téarmaí reachtúla 'rialú' agus 'leas substaintiúil';
- Na tástálacha a chuirfidh an BAI i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar shaintréithe iarratasóra agus maidir lena n-eispéireas agus a saineolas;
- Na cúinsí a mbeidh aird ag an BAI orthu agus iad i mbun meastóireachta ar acmhainní airgeadais iarratasóra;
- An beartas maidir le "líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime". I dtaca leis seo de feidhmíonn an BAI ceithre thairseach chun cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil líon na seirbhísí craolacháin fuaime tráchtála atá i seilbh aon duine aonair nó ghrúpa inghlactha nó do-ghlactha;
- An beartas maidir le "líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime i réimse sonraithe". I dtaca leis seo de, baineann na tástálacha a chuirfidh an BAI i bhfeidhm le "inmhalartaitheacht" agus "ceannas";
- Na tástálacha a chuirfear i bhfeidhm chun socrú cibé an bhfuil "líon míchuí meán cumarsáide i réimse sonraithe" ag aon duine aonair nó ag aon ghrúpa;
- Na fachtóirí a bhreithneoidh an BAI maidir le saindualgas cláraithe aon seirbhíse atá faoi réir aon athrú beartaithe ar úinéireacht agus/nó rialú.

Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht

Tá sé mar phríomhdhualgas ar chraoltóirí go dtuairiscítear aon nuacht a chraolann siad go hoibiachtúil agus go neamhchlaon agus go mbíonn an bealach a chaitear le cúrsaí reatha cothrom do leasanna gach duine lena mbaineann agus go gcuirtear i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaon é.

Sheol an BAI a chomhairliúchán poiblí maidir leis an dréacht-Chód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha i mí Eanáir 2012. Leagtar amach sa dréacht-Chód na cuspóirí a bhainfear amach, na prionsabail atá mar bhonn is mar thaca ag na rialacha cothroime, oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta agus 32 riail ar an iomlán lena rialaítear conas a láimhseálann craoltóirí píosaí nuachta agus cúrsaí reatha. Fuarthas tacaíocht sa chomhairliúchán poiblí freisin ó shuirbhé náisiúnta maidir le dearcaí inar lorgaíodh freagraí ar roinnt réimsí lárnacha leasa sa dréacht-Chód.

Fuarthas 79 aighneacht ar an iomlán agus bhreithnigh an tÚdarás iad ag a chruinniú i mí Iúil.

Léirigh an prócéis comhairliúchán ná go raibh tacaíocht fhorleathan ag na freagróirí do na forálacha laistigh den Chód agus an bealach ina raibh an Cód leagtha amach agus an bealach a chuirfí i bhfeidhm é i gcás gearán.

Thángthas ar chomhaontú maidir le roinnt mion-leasuithe foclaíochta d'fhonn soiléireacht agus ciall roinnt d'fhorálacha an Chóid a fheabhsú. Bhí roinnt réimsí a raibh imní fúthu agus phléigh an tÚdarás na réimsí sin go mionn.

I measc na réimsí bhí siad seo a leanas:

- An riail beartaithe maidir le tuairimí na láithreoirí féin a chur i láthair
- Na rialacha beartaithe maidir le coinbhleachtaí leasa agus an moladh go n-iarrfaí ar chraoltóirí Clár Leasa Poiblí a bhunú agus a chothú.

I bhfianaise na n-ábhar imní a léiríodh maidir le príobháideacht na rialacha a bhain le clár leasa poiblí, lorgaíodh soiléiriú dlíthiúil agus tuairim an Choimisinéara Cosanta Sonraí maidir le hinfheidhmeacht na rialach de réir mar a bhí sí á dréachtú. I ndiaidh dó comhairle a fháil, chuir an tÚdarás riail níos ginearálta san áireamh chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú, ag ionchorprú prionsabal ginearálta chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Maidir le tuairimí na láithreoirí iad féin, rinneadh roinnt athruithe ar an bhfoclaíocht chun soiléireacht a thabhairt ar an rún cosaint a thabhairt i gcoinne seasamh páirtíneach an láithreora i gcás cúrsaí a mbíonn conspóid phoiblí fúthu nó cúrsaí atá i mbéal an phobail faoi láthair. Faoi dheireadh na bliana, bhí bailchríoch ar an gCód agus measadh go seolfaí é sa chéad ráithe de 2013.

4 TIONCHAR A IMIRT AGUS CUMARSAID A DHÉANAMH

A bheith mar ghlór críonna a bhfuil muinín ann maidir le cúrsaí craolacháin

Tugann an BAI éifeacht dá chuspóirí dul i gcion ar an bpobal agus cumarsáid a dhéanamh leis trí chomhairle neamhchlaon a thabhairt; trí chomhoibriú le comhlachtaí rialála eile agus trí bheartas a fhorbairt maidir le cúrsaí craolacháin. Oibríonn an eagraíocht go réamhghníomhach freisin leis an bpobal, le craoltóirí agus le páirtithe leasmhara eile d'fhonn rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí craolacháin a mhéadú agus d'fhonn plé agus díospóireacht ar ról na craoltóireachta i sochaí na hÉireann a éascú.

Múchadh Analóige agus Lascaistriú Digiteach

Lean an BAI dá ról suntasach i nGrúpa Stiúrtha náisiúnta an Lascaistrithe Dhigitigh, a bhí freagrach as an Múchadh Analóige a chur i bhfeidhm. Ba é fócas an ghrúpa sin in 2012 an t-ardán nua de theilifís trastíre dhigiteach (DTT) a fhorbairt; feachtas náisiúnta fógraíochta maidir le ASO; feachtais fhor-rochtana inar díríodh ar ghrúpaí leochaileacha is mó a rabhthas ag súil go mbeadh tionchar ag ASO orthu agus; an measúnú a rinne an rialtóir teileachumarsáide ComReg ar chostas na dtaraifí tarchurtha agus infhaighteacht na mboscaí bairr, agus rudaí nach iad.

Ar an 24 Deireadh Fómhair 2012, rinne Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann an t-aistriú ón gcóras analóige go dtí an córas digiteach, ag teacht le ceanglais na hEorpa.

Lean an BAI i mbun cathaoirleachta ar an bhfoghrúpa lánais de Ghrúpa Stiúrtha náisiúnta an Lascaistrithe Dhigitigh. Mar sin féin, is beag dul chun cinn a rinneadh maidir le lánas breise a fháil don ardán, mar gheall den chuid is mó ar an gcostas carraeireachta a measann go leor oibreoirí é bheith sriantach.

Láithreacht Náisiúnta / Idirnáisiúnta

Bhí an BAI fós rannpháirteach i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chúrsaí craolacháin. Le linn 2012, rinneadh ionadaíocht ar an BAI ag cruinniú Ardán na hEorpa d'Údaráis Rialála (EPRA) sa tSlóivéin agus d'oibrigh sé ar pháipéar don cheardlann maidir le craoltóireacht áitiúil agus phobail. D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach ar chruinniú de rialtóirí Craolacháin na hEorpa arna thionól ag an CE agus ar chomhdháil maidir le hiolrachas sna meáin ag Faireachlann Closamhairc na hEorpa. Lean an feidhmeannas ag freastal mar chuid de thoscaireacht na hÉireann ag cruinnithe de Choiste Teagmhála CE.

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Tá ról lárnach ag foireann cumarsáide an BAI ó thaobh seasamh leis an meas atá ag an BAI ar thrédhearcacht agus cuntasacht don phobal ar a bhfreastalaíonn sé. Tugann sé freagra ar líon mór fiosruithe ón bpobal ginearálta, ó pháirtithe leasmhara i gcúrsaí craolacháin agus ó na meáin gach bliain, agus níorbh aon eisceacht 2012. Bhí comhairliúchán rialta leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara an-luachmhar chun obair réimsí tograí móra a bhrú chun cinn, réimsí cosúil leis an bPlean Ceadúnúcháin agus an Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht. Ina theannta sin, chuir an BAI freagra fada mionsonraithe isteach maidir le Doiciméad Comhairliúcháin agus Dréacht-Chinneadh 12/77: ComReg *'Athbhreithniú ar an Margadh Seirbhísí Tarchurtha Craolacháin in Éirinn'*. Thacaigh sé le dréacht-ionstraimí cinnidh ComReg maidir leis an margadh le haghaidh rochtain mhórdhíola ar sheirbhísí tarchurtha craolacháin trastíre náisiúnta chomh maith leis an margadh le haghaidh seirbhísí ilphléacsaithe DTT.

Tugadh tacaíocht leanúnach chun gach togra agus plean oibríochta an BAI a sheachadadh. Forbraíodh clár rannpháirtíochta réamhghníomhaí agus frithghníomhaí i gcomhairle le DHR, gníomhaireacht PR sheachtrach na heagraíochta. I measc na bpríomhréimsí gníomhaíochta tá an t-imscrúdú faoi Alt 53, na próisis chomhairliúcháin i dtaca le Cód na bPáistí maidir le Cumarsáidí Tráchtála, agus an Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha, agus comhairle an Coiste um Chomhlíonadh faoin gclár 'Frontline' maidir leis an Toghchán Uachtaránachta 2011.

Mar chomhlacht seirbhíse poiblí, is féidir taifid áirithe de chuid an BAI a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI). Próiseáladh aon cheann déag d'iarratais FOI laistigh d'fhrámaí ama reachtúla. Tháinig formhór mór na n-iarratas ó na meáin. As na hiarratais a fuarthas, deonaíodh iarratas amháin, deonaíodh ocht gcinn i bpáirt agus diúltaíodh iarratas amháin. Bhí an diúltú don iarratas faoi réir achomhairc chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise, a bhí fós ag dul ar aghaidh ag deireadh na bliana.

Cuireadh in iúl cén obair a bhí déanta ag an BAI in 2012 trí phreasráitis, fógraíocht agus trí fheidhmiúlacht an tsuímh Ghréasáin a uasmhéadú lena chinntiú gur coinníodh páirtithe leasmhara ar an eolas agus gur tugadh deis dóibh a bheith rannpháirteach i gcuid mhaith de ghníomhaíochtaí na heagraíochta. Tháinig méadú ar fhiosruithe ó na meáin ón mbliain roimhe sin agus d'fhoilsigh an BAI 53 phreasráiteas, rud lenar cruthaíodh fógraíocht shuntasach don eagraíocht. Tháinig méadú ar an úsáid a baineadh as meáin shóisialta, Twitter agus Facebook, chomh maith le cainéal YouTube a bhunaigh an eagraíocht.

Trína chuid tionscnaimh urraíochta, féachann an BAI le próifíl na heagraíochta a fheabhsú agus feasacht a ardú maidir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta. Thug an BAI maoiniú urraíochta €117,000 le haghaidh 15 imeacht/ghníomhaíocht le linn na bliana, lena n-áirítear Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann, Gradaim Raidió PPI, Fleadh Scannán na Gaillimhe, An Fhéile Mheán Cheilteach, Gradaim Meán do Mhic Léinn agus Suíomh Gréasáin Gaeilge Cogar.

Iniúchadh Faisnéise

Tá tiomantas tugtha ag an BAI, mar chuid dá Straitéis, modhanna a fhorbairt ina mbaileofar agus ina n-úsáidfear sonraí a bheidh mar bhonn is mar thaca ag samhlacha cinnteoireachta fianaise bhunaithe. Is togra fadtéarmach é sin, agus bhí an chéad chéim de ar siúl in 2011. In 2012 cuireadh iniúchadh inmheánach sonraí i gcrích tar éis suirbhé forleathan a rinneadh maidir leis an bhfoireann agus sainaithníodh príomhshonraí agus faisnéis a bhíonn in úsáid ag an BAI. Sa chéad chéim eile a shamhlaítear leis an togra forbrófar creat de riachtanais sonraí agus faisnéise an BAI ó pheirspictíocht rialála de. Cé gur samhlaíodh go dtabharfaí faoin ngné seo den togra in 2012, cuireadh siar é sin go dtí 2013 mar gheall ar ar thosaíocht a thabairt d'obair eile agus acmhainní a bheith gann.

CINEMA

5 FOLLASACHT AGUS FREAGRACHT NA gCRAOLTÓIRÍ A NEARTÚ

Freagracht a leagan ar Chraoltóirí agus ar Chonraitheoirí faoi Reacht agus Conradh

Príomhchuspóir straitéiseach don BAI is ea a chinntiú go n-oibríonn gach craoltóir ceadúnaithe de réir théarmaí agus choinníollacha a gconarthaí, agus go n-oibríonn craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí i gcomhréir leis na cóid agus na rialacha craolacháin. Anuas air sin, tá feidhm ag an BAI chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht chraoltóirí seirbhíse poiblí lena chinntiú go bhfuil follasacht agus freagracht le sonrú san úsáid a bhaintear as cistí poiblí. Is gá a chinntiú go bhfuil na bearta comhlíonta agus forfheidhmithe a chuireann an BAI i bhfeidhm cóir, i gcomhréir agus go léiríonn siad riachtanais an lucht féachana. Cuireadh réimse tionscadal agus gníomhaíochtaí chun cinn in 2012 chun an sprioc straitéiseach seo a chomhlíonadh.

Imscrúdú faoi Alt 53 den Acht Craolacháin, 2009

Cuireadh i bhfeidhm den chéad uair forálacha forfheidhmithe Chuid 5 den Acht trí thabhairt faoi imscrúdú ar an gClár "Mission to Prey" de chuid Primetime Investigates ar RTÉ, a craoladh in 2011.

Chuir Coiste Comhlíonta an BAI tús le himscrúdú a dhéanamh ar an gclár faoi Alt 53 den Acht tráth déanach in 2011 agus rinneadh Anna Carragher, iar-rialtóir BBC Northern Ireland, a cheapadh mar an Oifigeach Imscrúdaithe. Tugadh faoin imscrúdú, i gcomhréir le forálacha an Achta, le linn Eanáir agus Feabhra agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Choiste Comhlíonta i Márta.

Dheimhnigh an Coiste, trí "Prime Time Investigates: Mission to Prey", a chraoladh, gur sháraigh RTÉ fo-ailt 39(1)(b) agus (e) den Acht ar bhonn tromchúiseach. Deimhníodh, chomh maith, gur chomhoibrigh RTÉ go hiomlán leis an imscrúdú. De bhun na dtorthaí seo, d'eisigh an Coiste moladh don Údarás go gcuireann siad RTÉ ar an eolas faoin sárú tromchúiseach, i gcomhréir le hAlt 54(4) den Acht.

In Aibreán, d'eisigh an tÚdarás fógra do RTÉ agus leag siad smachtbhanna táscach airgeadais €200,000 amach. Mar fhreagairt ar an bhfógra, ghlac RTÉ leis an bhfógra agus rinne siad aighneacht maidir leis an smachtbhanna airgeadais. Ghlac RTÉ leis go raibh clúmhilleadh an Athar Kevin Reynolds sa chlár ar cheann de na hearráidí ba shuntasaí a rinneadh i stair an chraolacháin agus nár cheart don chlár bheith craolta riamh. Anuas air sin, fuair an tÚdarás aighneachtaí agus rinne siad breithniú orthu ó cheathrar de dhéantóirí an chláir a bhí bainteach le "Prime Time Investigates - A Mission to Prey".

Agus a gcinntiúchán deiridh agus a smachtbhanna airgeadais €200,000 á n-eisiúint, dheimhnigh an tÚdarás an méid a leanas:

- Ní raibh an clár cóir sa mhéid gur craoladh líomhaintí tromchúiseacha, díobhálacha agus bréagacha faoin Athair Reynolds;
- Chuir na bealaí a úsáideadh chun an clár a dhéanamh, lena n-áirítear scannánaíocht rúnda agus agallamh ar leac an dorais, isteach ar phríobháideacht an Athar Reynolds go mí-réasúnta;
- Theip go mór ar na rialúcháin eagarthóireachta agus bhainistíochta laistigh de RTÉ;
- Ghlac RTÉ leis gur sháraigh craoladh líomhaintí tromchúiseacha clúmhillteacha i leith an Athar Reynolds ailt den Acht a bhain le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht agus le príobháideachas;
- Chomhoibrigh RTÉ go hiomlán leis an imscrúdú agus léirigh siad aiféala mór maidir leis an méid a tharla;
- D'aithin RTÉ, faoi dheoidh, an earráid a rinne siad agus gur ghlac an craoltóir bearta chun cosc a chur ar bhreis sáruithe ar a ndualgais faoin Acht;
- Níor bhain RTÉ aon ghnóthachan, bíodh gnóthachan airgeadais nó eile i gceist, mar thoradh ar an sárú.

Díospóireacht Túslíne an Uachtaráin

I nDeireadh Fómhair 2011, chraol RTÉ clár dar teideal 'The Frontline Presidential Debate'. Bhí an clár ina ábhar imscrúdaithe ag an gCoiste Comhlíonta, tar éis an phróisis um ghearáin reachtúla, inar seasadh le sé ghearán i dtaca le húsáid a bhaint as tvuít neamhdheimhnithe agus inar fhógair an craoltóir torthaí an Choiste ar an aer. Sa mhullach air sin, foilsíodh cinntí an Choiste Comhlíonta agus ag eascairt uaidh seo, chuir RTÉ tús le hathbhreithniú ar an gclár a chríochnaigh siad, agus cuireadh cóip den athbhreithniú seo ar fáil don Choiste.

Go déanach in 2012, rinne an Coiste Comhlíonta breithniú ar an ngá agus an inmhianaitheacht le tús a chur le himscrúdú reachtúil ar The Frontline Presidential Debate (amhail a fhoráiltear faoi Alt 53 den Acht Craolacháin, 2009). Rinne an Coiste an cinneadh nach raibh gá leis an imscrúdú sin maidir leis an gclár ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear an méid a leanas:

- Bhí an clár ina ábhar imscrúdaithe cheana féin ag an gCoiste Comhlíonta, tar éis an phróisis um ghearáin reachtúla;
- Rinneadh scrúdú ar ghnéithe de chur chuige RTÉ i leith na nuachta agus cúrsaí reatha, chomh maith, i gcomhthéacs an imscrúdaithe reachtúil ar chuir an Coiste tús leis níos luaithe sa bhliain ar an gclár Prime Time Investigates – "A Mission to Prey";
- Rinne RTÉ athbhreithniú agus leasú ar a gcur chuige i leith bainistíocht agus cláreagrú táirgthe nuachta agus cúrsaí reatha. Anuas air sin, rinneadh roinnt moltaí go ndéanfar aon díospóireachtaí toghcháin amach anseo a tháirgfear a sceidealú ar RTÉ;
- Bhí an Coiste sásta gur ghlac RTÉ bearta suntasacha chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a d'eascair ón gclár seo a tháirgeadh agus thug siad gealltanas poiblí chun na hathruithe seo a chur i bhfeidhm. Mheas an Coiste go raibh an t-imscrúdú inmheánach a rinne RTÉ ar an gclár, agus ar thug an tUasal Steve Carson agus an comhairleach neamhspleách, an tUasal Rob Morrison faoi, cuimsitheach agus gairmiúil agus go ndeachaigh sé i ngleic go sásúil le gach saincheist ábhartha.

Craoltóirí Seirbhíse Poiblí (PSBanna) – Gealltanais, Feidhmíocht agus Cistiú

Tá príomhfheidhm ag an Údarás, amhail a shainíonn an reachtaíocht, chun freagracht agus follasacht chraoltóirí seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus cistí poiblí á n-úsáid acu. Tá líon freagrachtaí i gceist ina leith seo. Gach bliain, tá ar RTÉ agus TG4 dul i gcomhairle leis an Údarás agus leis an Aire maidir leis na gealltanais a bhfuil sé ar intinn acu a dhéanamh. Cruthaíonn na gealltanais tagarmharc a gceanglaítear ar an BAI athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ina leith don Aire ar an méid a bhain gach craoltóir seirbhíse poiblí a ngealltanais seirbhíse poiblí amach. Anuas air sin, ceanglaítear ar an Údarás tuairisciú don Aire gach bliain ar leorgacht, nó a mhalairt, an chistithe phoiblí do gach craoltóir seirbhíse poiblí.

Ina theannta sin, éilíonn an tAcht Craolacháin ar an BAI tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach, laistigh de thrí bliana tar éis Acht 2009 a rith, agus gach cúig bliana dá éis sin, ar leorgacht an chistithe phoiblí do RTÉ agus do TG4. Is é cuspóir an athbhreithnithe cúig bliana chun cur chuige níos straitéisí agus fadtéarmaí a ghlacadh i leith riachtanais chraoltóirí seirbhíse poiblí, i gcomhthéacs forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Cuireann torthaí na n-athbhreithnithe seo an tAire agus an Rialtas ar an eolas nuair a bhíonn an leibhéal is oiriúnaí de chistiú á dheimhniú a theastaíonn ón mbeirt chraoltóirí.

Ráitis Bhliantúla ar Ghealltanais Feidhmíochta ("ASPC") 2012

Rinne TG4 a ASPC a sheoladh ar aghaidh faoi dheireadh Eanáir, ar aon dul leis na ceanglais reachtúla. Dheimhnigh an tÚdarás go ndearna TG4 iarrachtaí suntasacha le buarthaí rialála an BAI a chur san aireamh, go háirithe i dtaca le spriocanna intomhaiste agus faisnéis chomhthéacsúil a sholáthar. Thug an tÚdarás roinnt buarthaí chun solais i dtaca le cumas TG4 chun roinnt gealltanas a sheachadadh agus leag siad béim ar an sochar a bhainfear amach anseo trí shonraí nó réasúnaíocht inchomparáide a chur san áireamh chun gealltanais a athrú i roinnt cásanna. I dtaobh cúrsaí níos ginearálta de, léirigh an tÚdarás roinnt buarthaí i dtaca le cion margaidh na seirbhíse a bhfuil meath ag teacht air agus d'iarr siad ar TG4 breis breithniú a dhéanamh air seo i gcomhthéacs na ngealltanas a rinneadh sa thodhchaí.

Ag cuimhneamh ar an athrú suntasach a bhí ag titim amach in RTÉ ag an tráth a rinneadh gealltanais a shocrú, sheol an craoltóir sraith eatramhach gealltanas ar aghaidh i Márta, mar aon le cáipéis leasaithe i Lúnasa. Rinne an tÚdarás réimse moltaí do RTÉ maidir lena ngealltanais eatramhacha d'fhonn riachtanais rialála an Údaráis a chomhlíonadh ar bhealach níos oiriúnaí. Sa mhullach air sin, ghlac an tÚdarás leis an deis chun príomhfhorbairtí eagraíochtúla forbarbartha a thabhairt chun solais a bhí beartaithe ag RTÉ, a d'fhéadfadh bheith ina léiriú áisiúil ina ngealltanais. Tar éis páirtíocht eile ar an tsaincheist, rinne an tÚdarás breithniú ar ASPC leasaithe RTÉ i ráithe a trí agus bhí siad sásta gur éascaíodh sa cháipéis feidhm rialála an BAI go

pointe áirithe. Léirigh an tÚdarás roinnt buarthaí, áfach, i dtaca le cineál, intomhaisteacht agus síneadh na ngealltanas a rinneadh, agus an bealach a léiríodh na gealltanais a bhain le cistí poiblí a úsáid, ach go háirithe. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar na saincheisteanna seo faoi dheireadh na bliana.

Athbhreithnithe Bliantúla ar Chistiú Poiblí

Tugadh faoi na hathbhreithnithe bliantúla ar chistiú poiblí arís eile ar son an BAI ag Indecon International Economic Consultants.

- *TG4*

  I gcás TG4, thug an t-athbhreithniú ar chistiú poiblí le fios gur bhain an tseirbhís a ngealltanais chláreagraithe amach den chuid ba mhó. Dúshlán fadtéarmach a bhí i gcion margaidh an stáisiúin, áfach, fad a lean meath ag teacht ar a n-ioncam tráchtála. Thacaigh an craoltóir a dhóthain le cruthaitheacht agus le nuálaíocht agus bhí an eagraíocht éifeachtúil den chuid ba mhó agus sholáthair siad luach ar airgead.

  Níor moladh aon laghdú a dhéanamh ar an gcistiú do TG4 in 2012. Moladh go leanfadh an craoltóir ag tabhairt faoi chostéifeachtúlacht leanúnach agus spriocanna sonracha a leagan amach le haghaidh príomhghnéithe. Anuas air sin, moladh go ndéanfaí athbhreithithe suntasacha ar chineál agus ar líon na ngealltanas bliantúil atá socraithe. Chomh maith le sin moladh go ndéanfadh TG4 breithniú agus athbhreithniú ar a mbeartas maidir le hioncaim thráchtála agus éadálacha cláir. D'admhaigh an tUdarás áfach, gur ceist pholasaí é seo don gcraoltóir.

- *RTÉ*

  I gcás RTÉ, thug athbhreithniú Indecon le fios gur baineadh amach na spriocanna a leagadh amach le haghaidh aschuir theilifíse agus raidió. D'éirigh leis an gcraoltóir Saorview a sheoladh agus leis an lucht féachana raidió agus teilifíse a choimeád. Lean RTÉ ag tacú le tallann agus le cruthaitheacht nua agus lean an tseirbhís bheith ag brath ar chistiú poiblí, fad a bhí laghdú ag teacht ar ioncam tráchtála.

  Tugadh roinnt saincheisteanna chun solais maidir le modhanna leithdháilte costas agus inchomparáideachta sonraí RTÉ. Bhí Indecon faoin tuairim gur theastaigh ón gcraoltóir dul i ngleic lena n-easnamh láithreach, agus chun coigiltí breise costais a chur i bhfeidhm, fad a bhí breithniú á dhéanamh acu ar thionchar na gcoigiltí siúd ar an réimse aschuir agus seirbhísí. Moladh, anuas air sin, gur cheart tabhairt faoi athbhreithniú bunúsach ar chineál na ngealltanas a rinne RTÉ. Níor moladh aon laghdú ar chistiú maidir le RTÉ.

Athbhreithniú Cúig Bliana ar Chistiú Poiblí le haghaidh Craoltóirí Seirbhíse Poiblí

Lean obair ar an athbhreithniú cúig bliana ar chistiú poiblí in 2012, tar éis próiseas soláthair a chur ar bun, as ar eascair ceapadh Crowe Horwath mar chomhairligh don tionscadal. Bhí sraith cruinnithe ar bun idir na comhairligh, na PSBanna agus comhaltaí foirne an BAI chun breac-chuntas a thabhairt ar ionchais maidir le cuspóirí an tionscadail atá inbhainte amach. Sa bhreis air sin, bhí cruinnithe ar bun le páirtithe leasmhara ábhartha eile a bhain leis an athbhreithniú cúig bliana.

Ceanglaíodh ar an mbeirt chraoltóirí seirbhíse poiblí, mar chuid den phróiseas athbhreithnithe cúig bliana, chun pleananna straitéiseacha costáilte athbhreithnithe agus anailíse a sholáthar, ina leagtar amach an margadh iomaíoch inar chreid siad a bheidís ag oibriú; an clár agus na pleananna ábhair níos fairsinge is fearr a chuirfeadh ar a gcumas acu a sainchúram PSB a chomhlíonadh sa timpeallacht sin; an cistiú a chreid siad a theastódh chun pleananna inbhainte amach a dhéanamh de na pleananna seo; agus, na héifeachtúlachtaí a d'fhéadfaidís a chur i bhfeidhm lena chinntiú gur baineadh an oiread leasa as an gcistiú sin agus ab fhéidir. Sa mhullach air sin, iarradh ar an dá PSB chun na bealaí a leagan amach inar chloígh siad leis an reachtaíocht ábhartha Eorpach, atá in ainm is an fhéidearthacht a chosc go mbainfear úsáid as airgead poiblí chun gníomhaíocht tráchtála a thras-fhóirdheonú, agus lena chinntiú go n-oibríonn comhlachtaí atá á gcistiú go poiblí ar bhealach nach mbaineann de dheiseanna margaidh dá lucht iomaíochta ar bhealach neamh-inghlactha.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an athbhreithniú cúig bliana faoi dheireadh na bliana agus measadh go mbeadh tuarascáil réidh le haghaidh bhreithniú an Aire faoi thús an dara ráithe in 2013.

Comhlíonadh

Rinneadh forbairt ar chur chuige an BAI i leith comhlíonta thar go leor blianta. Is iad príomhchuspóirí na gníomhaíochta comhlíonta ná chun monatóireacht a dhéanamh ar chloí craoltóirí le cóid agus rialacha reachtúla agus chun cultúr comhlíonta a spreagadh agus a chur chun cinn laistigh den earnáil chraolacháin in Éirinn, agus cosaint a chur ar fáil don lucht féachana i gcomhthráth. Sa bhreis air sin, cuireann gníomhaíocht chomhlíonta faisnéis ar fáil do phríomhlimistéir oibre, ar nós ceadúnais a bhronnadh agus cóid agus rialacha a fhorbairt. I ndeireadh na dála, cuireann obair chomhlíonta faisnéis áisiúil ar fáil ar threochtaí foriomlána an tionscail.

Bhain gníomhaíocht leanúnach i limistéir an chomhlíonta in 2012 go príomha le tacú le gníomhaíocht cheadúnaithe an Choiste Bronnta Conarthaí, trí thús áite a thabhairt do na conraitheoirí siúd a bhfuil a gceadúnais sceidealaithe le dul in éag agus trí mhonatóireacht a dhéanamh orthu. In oirichill an phróisis cheadúnaithe agus ar aon dul le beartas agus Údaráis ar an tsaincheist, ba phríomhchuspóir a chinntiú gur tugadh faoi mhonatóireacht agus faoi athbhreithnithe bliantúla feidhmíochta ar cheithre sheirbhís is fiche. Cuireadh sceideal don obair seo i dtoll a chéile agus faoi dheireadh na bliana, cuireadh tús le monatóireacht ar na seirbhísí, a bhí curtha san áireamh i gCéim 1 den Phlean Ceadúnaithe. Mar chuid dá bhfreagrachtaí, bheadh ar an gCoiste Comhlíonta tuarascálacha comhlíonta a sheoladh chuig an gCoiste Bronnta Conarthaí ar gach seirbhís a bhí sceidealaithe le haghaidh athcheadúnú.

Rialacha Rochtana

Sa mhullach air sin, ceanglaíonn an tAcht Craolacháin go ndéantar measúnú ar chraoltóirí i leith a gcomhlíonta leis na Rialacha Rochtana. Déanann Rialacha Rochtana an BAI líon forálacha chun idir thuiscint agus taitneamh a bhaint as cláir i measc daoine atá bodhar nó a bhfuil lagú éisteachta orthu agus daoine atá dall nó nach bhfuil ach radharc páirteach na súl acu. Tar éis Rialacha leasaithe Rochtana a sheoladh i mBealtaine 2012, bhain na rialacha le baint amach spriocanna le haghaidh fotheidealú, reacaireachta agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL), i measc craoltóirí seirbhíse poiblí agus pobail.

I gcás craoltóirí seirbhíse poiblí, bhí RTÉ go hiomlán comhlíontach le gach ceanglas fotheidealaithe. Bhí a bhfotheidealú ar chaighdeán maith agus bhí sí iontaofa go chomhsheasmhach. Cé nár baineadh spriocanna amach i leith reacaireachta, rinneadh suntasacha forbartha sa limistéar seo. Níor bhain an craoltóir spriocanna ISL amach. Anuas air sin, chomhlíon RTÉ leis na ceanglais chun gach seirbhís rochtana a chur chun cinn agus chun casadh agus chun dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí.

Bhain soláthar fotheidealaithe TG4 áit níos airde amach ar a spriocréimse. Dhírigh an craoltóir ar dhá shaincheist cháilíochta in 2012 – an méid fotheideal ó Bhéarla go Béarla agus ó Ghaeilge go Gaeilge a mhéadú, go háirithe ar chláir do leanaí. Thug monatóireacht ar fhotheidealú ardchaighdeán agus iontaofacht mhaith le fios. Ar aon dul le RTÉ, chas TG4 leis na grúpaí úsáideoirí agus rinne siad a seirbhísí rochtana a chur chun cinn.

I measc na gcraoltóirí tráchtála, níor bhain TV3 agus 3e a spriocanna fotheidealaithe amach. Chas TV3 le grúpaí úsáideoirí agus bhunaigh siad seirbhís ríomhphoist le haghaidh gach saincheist rochtana chun tuairimí agus aiseolas ó úsáideoirí a éascú. Bhain soláthar fotheidealaithe Setanta Ireland meánréimse a sprice amach in 2012. Cé go raibh páirtíocht theoranta ag an tseirbhís le grúpaí úsáideoirí i gcaitheamh na bliana, tugadh gealltanas go rachfaí i ngleic leis an tsaincheist in 2013.

Sháraigh gach seirbhís teilifíse pobail; DCTV i mBaile Átha Cliath, CCTV i gCorcaigh agus P5tv san Uaimh; a spriocanna fotheidealaithe. Chas DCTV agus P5tv lena ngrúpaí úsáideoirí agus níor chas agus ní dheachaigh CCTV i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí, agus tugadh gealltanas go mbeadh na cruinnithe siúd ar bun acu in 2013.

Craoltóir	Sprioc Fotheidealaithe 2012	Fotheidealú Iarbhír 2012
RTÉ 1	78-83%	80%
RTÉ 2	53-60%	53%
TV3	39-43%	32%
TG4	36-42%	42%
3e	10-14%	6.5%
Setanta Ireland	6-8%	6.5%
DCTV	1%	3.14%
CCTV	1%	4.75%
P5tv	1%	12%
Craoltóir	**Sprioc Reacaireachta 2012**	**Iarbhír 2012**
RTÉ	1%	<0.2%
Craoltóir	**Sprioc Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2012**	**Iarbhír 2012**
RTÉ	1%	<0.2%

Cuairteanna agus Imscrúduithe ar an Suíomh

Ceanglaítear ar gach craoltóir cloí leis na coinníollacha teicniúla a leagtar amach ina gconarthaí. Tugtar faoi iniúchtaí teicniúla i ngach bliain agus rinneadh imscrúdú ar 98 suíomh tarchuir in 2012. D'aimsigh na hiniúchtaí 6 chás i measc cúig stáisiún nár chloíodh leis na paraiméadair theicniúla a sonraíodh i gceadúnas an chonraitheora. B'ann d'ardleibhéal de chomhlíonadh conarthach ar an iomlán.

Athrúcháin Chonarthacha agus Dámhachtain Conarthaí

Is é breithniú a dhéanamh ar iarratais ar athrúcháin ar chonarthaí craoltóirí atá ceadúnaithe ag an BAI cuid d'obair leanúnach an Údaráis. I measc na n-athrúchán seo tá iarratais ar athruithe ar úinéireacht agus rialú; athruithe ar bhainistíocht ag na stáisiúin nó aighneachtaí le haghaidh athruithe ar ghnéithe ráiteas beartas clár de chuid seirbhíse. Deimhníonn cineál an iarratais ar athrúchán cibé acu an ndéantar aighneacht atá faighte ag an BAI a bhreithniú ar leibhéal Feidhmiúcháin nó an Údaráis.

Le linn 2012, rinneadh breithniú agus faomhadh ar réimse athrúcháin chonarthacha, lena n-áirítear:

- Comhroinnt seirbhísí idir Clare FM agus Tipp FM;
- Athruithe scairshealbhaithe a fhaomhadh ag Tipp FM, lenar bhain scaireanna 52.6% a dhíol a bhí i seilbh Irish Press Plc le grúpa beag de scairshealbhóirí sa tseirbhís;
- Athruithe maidir le soláthar nuachta ag líon seirbhísí Communicorp;
- Plean leasaithe tarchuir a fhaomhadh chun líonra cuasa-náisiúnta a bhunú le haghaidh Spirit Radio, an tseirbhís cheoil Chríostaithe-bhunaithe;
- Maolú ar na ceanglais reachtúla nuachta agus cúrsaí reatha le haghaidh Phantom 105.2, Radio Nova agus Beat 102-103.

Ina theannta sin, déanann an tAcht Craolacháin foráil gur féidir leis an gCoiste Bronnta Conarthaí a mholadh don Údarás chun iontráil i gconarthaí le haghaidh seirbhísí sealadacha craolacháin fuaime agus le haghaidh conarthaí soláthair ábhair. Rinne 29 de na conarthaí seo a chur faoi bhráid an Údaráis lena moladh i gcaitheamh na bliana.

Ar deireadh, forálann creatlach um dhéanamh cinntí an Údaráis gur féidir tabhairt faoi athrúcháin áirithe chonarthacha ar leibhéal Feidhmiúcháin an BAI. Go tipiciúil, baineann na hathrúcháin seo le hathruithe i stiúrthóireachtaí, sa mhullach ar athruithe áirithe a dhéanamh ar chláreagrú. Rinneadh breis agus fiche athrú a fhaomhadh ar leibhéal feidhmiúcháin in 2012.

Ceisteanna Eile Conarthacha - Raidió Pobal Inis Eoghain

I gcaitheamh 2012, d'eascair líon forbairtí tromchúiseacha ag an stáisiún raidió pobail, Raidió Pobal Inis Eoghain, inar chuir Pobal tuarascáil iniúchta i dtoll a chéile ar bhainistíocht airgeadais an stáisiúin mar aon le stop ar an gcomhaontú cistithe idir Pobal agus an stáisiún.

Rinne an tÚdarás breithniú sonrach ar na ceisteanna seo, agus aird ar na forálacha reachtúla, ar an mbeartas reatha ceadúnaithe, agus, ar bhonn níos ginearálta, ar leanúint le seirbhís phobail i gceantar Inis Eoghain Thuaidh.

I bhfianaise shaghas tromchúiseach na saincheisteanna seo, rinne an Coiste Comhlíonta an cinneadh chun tús a chur le himscrúdú faoi Alt 50 den Acht Craolacháin. Sular cuireadh tús leis an imscrúdú, áfach, chuir Raidió Pobal Inis Eoghain an BAI ar an eolas go raibh sé beartaithe acu stop a chur le craolachán agus chun a gceadúnas a thabhairt ar ais. Cuireadh stop leis an tseirbhís seo a chraoladh i nDeireadh Fómhair 2012.



6 FOGHLAIM AGUS FORBAIRT A ÉASCÚ SAN EARNÁIL CHRAOLACHÁIN

D'fhonn foghlaim agus forbairt a éascú san earnáil chraolacháin, téann an BAI i gcomhairle go straitéiseach le craoltóirí agus oibríonn siad i gcomhpháirtíocht leo chun a riachtanais forbartha a bhunú. Trí fhoghlaim agus forbairt, treisítear feidhm na gcraoltóirí laistigh de thimpeallacht níos fairsinge na meán.

Forbairt Earnála

Tar éis athbhreithniú in 2011, forbraíodh Beartas nua um Fhorbairt agus Foghlaim i dtreo dheireadh na bliana sin agus seoladh é sa chéad ráithe de 2012.

Soláthraíonn an Beartas nua creatlach lena chur ar chumas an BAI chun borradh leanúnach na hearnála a phleanáil, a thacú, a thomhas agus a mheas, trí ghníomhaíochtaí agus cur chuige éagsúil oiliúna, foghlama agus forbartha atá laistigh dá sainchúram reachtúil agus straitéiseach.

Sa mhullach air sin, sonraíonn an beartas líon cuspóirí, agus i measc na gceann is tábhachtaí tá:

- Cur le forbairt caighdeán a bhaineann le rialachas, daoine agus aschur craolacháin laistigh den earnáil chraolacháin, lena n-áirítear tabhairt faoi oiliúint chreidiúnaithe agus forbairt leanúnach ghairmiúil daoine aonair a oibríonn san earnáil;
- Comhoibriú le comhlachtaí ionadaíocha tionscalsonracha d'fhonn gníomhaíochtaí oiliúna a chur chun cinn i limistéir easnaimh scileanna san earnáil chraolacháin;
- Faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh i dtaca le riachtanais scileanna na hearnála craolacháin agus é mar chuspóir tacú le líonraí agus le craoltóirí tionscail chun dul i ngleic le riachtanais forbartha a gcomhaltaí agus a bhfostaithe faoi seach;
- Faisnéis a bhailiú agus a scaipeadh agus monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis faoin earnáil chraolacháin, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon;
- Tabhairt faoi bhearta agus gníomhaíochtaí agus iad spreagadh agus a chur chun cinn atá dírithe ar litearthacht na meán a chur chun cinn, lena n-áirítear comhoibriú le craoltóirí, an lucht oideachais agus daoine ábhartha eile;
- Creatlach a sholáthar do líonraí agus do chraoltóirí tionscail a thacaíonn leis an oibriú is oiriúnaí, is éifeachtaí agus is comhsheasmhaí dá dtionscnaimh forbartha.

Thit oibriú i gcomhpháirtíocht le craoltóirí agus le páirtithe leasmhara eile amach i gcaitheamh na bliana chun straitéis ábhartha a fhorbairt chun an earnáil a fhorbairt agus a threisiú. Tá an Straitéis, ag eascairt ó Bheartas Foghlama agus Forbartha Earnála, bunaithe ar phríomhphrionsabail an bheartais – gníomhaíochtaí tomhais, measa agus traslíonra.

Bhí sé de chuspóir ag plean forbartha earnála le haghaidh 2012 deiseanna a chothú go n-oibreodh na líonraí le chéile. Maidir le seo, tá comhaontas straitéiseach cruthaithe idir Learning Waves agus an AIRPI maidir le cúrsaí oiliúna a sholáthar.

Gníomhaíochtaí Cistithe agus Forbartha

Gach bliain, déanann an tÚdarás plean oibre agus buiséad le haghaidh imeachtaí agus gníomhaíochtaí forbartha earnála a fhaomhadh. In 2012, leithdháileadh buiséad €386,000 i dtreo líon limistéir lárnacha an tseachadta don earnáil chraolacháin, as ar leithdháileadh thart ar €270,000 de thacaíocht go sonrach i dteo líonraí tionscail a chistiú. Mar chuid de chistiú na líonraí éagsúla agus d'fhonn freagracht a fheabhsú maidir le conas a úsáidtear cistiú, tá ar gach líonra tuairisciú a dhéanamh ar conas a scaipeadh cistiú a sholáthair an BAI. B'ann do roinnt éachtaí suntasacha i measc na líonraí in 2012.

CRAOL (Fóram Raidió Pobail)

Liúntas Cistithe: €125,000

Chuir an cistiú a sholáthair an BAI ar chumas ionadaithe CRAOL chun páirt a ghlacadh i gcreatlach tagartha agus oiliúna de scileanna poist le haghaidh raidió pobail a bhí ar bun ar fud an AE. Bhí a bhFéile bhliantúil oiliúna ar bun ag an líonra seo i mBaile Átha Luain agus d'eagraigh siad cúrsaí, ceardlanna agus seisiúin oiliúna le haghaidh bainisteoirí stáisiúin, oibrithe deonacha agus comhaltaí boird, bunaithe ar anailís riachtanais scileanna. Anuas air sin, d'fhorbair CRAOL cúrsa litearthachta sna meáin a mhair 10 n-uaire an chloig le haghaidh stáisiún a bhí ina mbaill.

Learning Waves (soláthróir don earnáil raidió neamhspleách)

Liúntas Chistithe: €45,800

Sholáthair Learning Waves seisiúin chóitseála agus mheantóireachta do lucht láithrithe clár éagsúil laistigh de stáisiúin. Thug an líonra faoi chuairteanna a thabhairt ar stáisiúin agus bhí foirne cláreagraithe bricfeasta ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar, struchtúr agus forbairtí clár amach anseo. Bhain ocht stáisiún leas as an tionscnamh seo. Ina theannta sin, chuir Learning Waves tús le hobair i gcomhpháirtíocht leis an AIRPI (Cumann na dTáirgeoirí Raidió Neamhspleácha in Éirinn) agus rannpháirtíocht chomhaltaí den AIRPI a héascú ar chúrsaí áirithe oiliúna.

CTA (An Cumann Teilifíse Pobail)

Liúntas Chistithe: €30,000

Bhí an CTA ina n-óstach ar a gcéad Fhéile do Theilifís Phobail in Éirinn in 2012, inar fhreastail nach mór 70 duine ar an imeacht thar thréimhse dhá lá. Anuas air sin, bhí an CTA tiomanta do bheith rannpháirteach leis an bpobal tríd an teilifís trí roinnt ceardlann a óstáil.

I measc na bhfaighteoirí eile cistithe in 2012 bhí an AIRPI, Media Desk Ireland, Screen Producers Ireland, the Irish Hospital Radio Network agus Screen Directors Guild Ireland.

Scéim Tacaíochta Craolachán Pobail

Cuireadh €36,000 de chistiú ar fáil tríd an Scéim Tacaíochta Craolachán Pobail agus as na cúig aighneacht déag a fuarthas, rinneadh cistiú a leithdháileadh do naoi gcinn díobh. Chabhraigh an cistiú le líon tionscnamh, lena n-áirítear forbairt straitéis agus plean oibre straitéisigh trí bliana le haghaidh Raidió Pobail Bhaile Átha Luain agus WIRED FM, faoi seach; measúnuithe seachtracha ar West Dublin Access Radio agus Phoenix FM agus; taighde a bhaineann leis an lucht éisteachta agus saincheisteanna maidir le rannpháirtíocht an phobail le haghaidh DCTV agus Dundalk FM.

Litearthacht na Meán

Trína mbuiséad litearthachta meán, sholáthair an BAI cistiú d'Institiúid Scannán na hÉireann chun tabhairt faoi thionscal taighde ar litearthacht na meán i measc daoine idir 12 agus 13 bliana d'aois. Déanfaidh an taighde athbhreithniú ar úsáid na meán agus na teicneolaíochta agus cuirfidh sé na rannpháirtithe in aithne do tháirgeoirí meán na hÉireann. Cuireadh tús leis an taighde i Meán Fómhair agus bhí sé sceidealaithe le críochnú i Samhradh 2013.

7 CRAOLACHÁN FREAGRACH A CHUR CHUN CINN AGUS AN LUCHT ÉISTEACHTA/ FÉACHANA A CHUMASÚ

Bhí an BAI freagrach as craolachán a bheith mar chomhsprioc chraoltóirí agus an rialtóra. Mar aon le tabhairt faoi chur i bhfeidhm agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar Chóid agus Rialacha reachtúla, príomhchuspóir don BAI is ea cumarsáid níos fearr a éascú idir craoltóirí agus an lucht féachana trí láimhseáil éifeachtach an phróisis ghearáin.

Fógraíocht agus Leanaí: Rialacha Aiste Bia agus Cothaithe

Lean an t-athbhreithniú a rinneadh ar na rialacha aiste bia agus cothaithe a chuimsítear i gCód um Chumarsáid Tráchtála na Leanaí a bheith ina limistéar ar ar dhírigh an tÚdarás go mór in 2012, lena n-áirítear an dara céim de chomhairliúchán poiblí, a thit amach ag deireadh Mhárta.

Dhírigh an comhairliúchán go príomha ar an gcur chuige a ghlacfar i leith rialú cumarsáid tráchtála i dtaobh bianna ina bhfuil go leor saille, salainn agus siúcra (bianna HFSS). Bhí tionchar ag na dréachtrialacha ar Chód um Chumarsáid Tráchtála na Leanaí agus ar an gCód Cumarsáide Ginearálta, agus dá bharr, theastaigh comhairliúchán ar athbhreithniú ar an dá Chód.

Chuir an líon suntasach aighneachtaí a fuarthas tríd an gcéad chéim den chomhairliúchán a glacadh in 2011 faisnéis ar fáil do na dréachtrialacha nua. B'ann do réimse tograí sa DréachtChód um Chumarsáid Tráchtála na Leanaí, maidir le cumarsáid tráchtála na leanaí le haghaidh bianna HFSS, inar sonraíodh go sonrach **nár cheart** do na saghsanna seo de chumarsáid tráchtála:

- bheith ceadaithe le linn clár do leanaí, amhail a shainítear sa Chód;
- daoine cáiliúla nó réaltaí spóirt a bheith iontu;
- carachtair de chláir a bheith iontu;
- carachtair cheadúnaithe a bheith iontu, e.g. carachtair agus daoine móra le rá ó eisiúintí cineama;
- maíomh sláinte nó cothaithe a bheith iontu;
- tairiscintí promóisin a bheith iontu.

Anuas air sin, bheartaigh athbhreithniú beartaithe ar an gCód Ginearálta um Chumarsáid Tráchtála teorainn nach mó ná 35% den am fógraíochta a dhíoltar a chur ar chumarsáid tráchtála le haghaidh bianna HFSS. Sa mhullach air sin, bheartaigh an comhairliúchán nach gceadófaí ach fógra as gach ceithre cinn le haghaidh bianna HFSS a cheadú le linn an lá chraolta. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás fáilte roimh thuairimí ar Shamhail Phróifílithe Cothaithe a úsáid chun sainiú a dhéanamh ar bhianna HFSS bunaithe ar a gcothaithigh.

Rinne an tÚdarás meas ar thorthaí an phróisis chomhairliúcháin agus ar réimse saincheisteanna bainteacha rialála i ráithe a ceathair. Chabhraigh anailís shaineolaíoch neamhspleách Lynn Stockley Associates agus Empirica lena gcuid breithniúchán.

Bhí an tÚdarás sásta le glacadh le prionsabal Samhail Phróifílithe Cothaitheach. Rinneadh an cinneadh, freisin, chun cáis a eisiamh agus an tsamhail á cur i bhfeidhm, i bhfianaise na saincheisteanna a tugadh chun solais tríd an bpróiseas comhairliúcháin. Agus an cinneadh seo á bhaint amach, bhí aird ag an Údarás ar mholadh na Roinne Sláinte chun cáis a fhágáil ar lár agus an tSamhail Phróifílithe Cothaitheach á cur i bhfeidhm, agus aird ar na sochair ghaolmhara shláinte, agus tábhacht chultúrtha na cáise i gcomhthéacs Éireannach.

Anuas air sin, rinne an tÚdarás breithniú ar cibé acu ar cheart nó nár cheart cur chuige reachtúil, comhrialála nó féinrialála a ghlacadh don méid seo den Chód. Rinneadh an cinneadh gurbh fhearr rialú díreach reachtúil don todhchaí intuartha, i bhfianaise rialacha nua a thabhairt isteach sa limistéar seo.

Ar deireadh, agus aird ar shrianadh méide, ghlac an tÚdarás le srianadh 25% den am craolta agus/nó fógra as gach ceithre fhógra sa lá iomlán craolta ar chumarsáid tráchtála le haghaidh bianna HFSS.

Faoi dheireadh na bliana, bhí an Cód á thabhairt chun deiridh agus bhíothas ag súil lena sheoladh sa chéad leath de 2013.

Rialacha Rochtana

Tar éis tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí in 2011, d'fhoilsigh an BAI Rialacha Rochtana leasaithe i mBealtaine 2012. Tugadh líon athruithe ar na Rialacha isteach, lena n-áirítear:

- Tá na Rialacha anois dírithe níos dírí ar, ní hamháin, an chainníocht nó an céatadán a bhaintear amach, ach ar chaighdeán agus ar iontaofacht na seirbhíse;
- I gcodarsnacht leis na rialacha roimhe seo, inar dhírigh plé le craoltóirí ar chomhlíonadh siarghabhálach, faoi na Rialacha nua, casfaidh craoltóirí leis an BAI gach bliain chun a bpleananna a chur chun cinn don bhliain amach rompu, ag dul i ngleic le saincheisteanna spriocanna, iontaofachta, caighdeáin agus cur chuige i leith chur chun cinn na seirbhísí agus na gcomhairliúchán inrochtana le grúpaí úsáideoirí.

Anuas ar na hathruithe a shonraítear thuas, bhunaigh an BAI Painéal Comhairliúcháin Úsáideoirí. Is éard atá sa phainéal seo úsáideoirí seirbhíse a chabhraíonn leis an BAI agus a measúnú á dhéanamh acu ar chomhlíonadh na Rialacha agus ar athbhreithnithe reachtúla ar rialacha ar bhonn débhliantúil. Chas an Painéal Comhairliúchán Úsáideoirí ar a chéile an chéad uair i Nollaig chun plé a dhéanamh ar a dtéarmaí tagartha agus chun comhaontú a dhéanamh ar conas a d'oibreodh an Painéal amach anseo.

Rialacha ar fhógraíocht agus ar theilishiopadóireacht (Teorannacha Laethúla agus san Uair)

In 2010, rinne an BAI athbhreithniú ar a rialacha ar Fhógraíocht agus Teilishiopadóireacht, agus cheadaigh siad méadú ar na teorainneacha fógraíochta le haghaidh stáisiúin teilifíse tráchtála. Ag an tráth sin, comhaontaíodh go dtabharfar faoi athbhreithniú ar thionchar athrú na rialacha i ndiaidh dhá mhí dhéag.

In 2012, rinne an tÚdarás meas ar thorthaí tuarascála, a réitigh KPMG, a rinne athbhreithniú ar thionchar na rialacha nua. Thug an tÚdarás faoi deara gur dúshlánach tuairim chríochnaitheach a chruthú ar thionchar na rialacha i gcomhthéacs na timpeallachta reatha geilleagraí agus ag céim chomh luath den fhorfheidhmiú. Rinneadh an cinneadh, ar an ábhar sin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar athrú na rialacha thar thréimhse fhada ama i gcomhthéacs an athbhreithnithe reachtúil ar an gCód Ginearálta um Chumarsáid Tráchtála, a bhfuiltear le tabhairt faoi in 2014.

Eolas, Oideachas agus Cumas a sholáthar don Lucht Féachana

Príomhchuspóir straitéiseach don BAI is ea cumarsáid níos mó a éascú idir craoltóirí agus an lucht féachana trí phróiseas éifeachtach láimhseála gearán. Tá an ceart ag daoine chun ábhar craolta a bheachtú agus chun dúshlán a chur faoi aschuir chraolta trí aiseolas a sholáthar go díreach do chraoltóirí agus trí phróiseas gearán an BAI.

Oibríonn gach craoltóir Cód Cleachtais um Láimhseáil Gearán agus tá fáil ar shonraí ar na próisis a oibrítear ar fáil ar láithreáin ghréasáin na gcraoltóirí. Féadfaidh aon duine atá míshásta leis an ábhar a fheiceann nó a chloiseann siad ar an teilifís nó ar an raidió gearán a dhéanamh leis an gcraoltóir sa chéad ásc. Nuair nach bhfuil gearánaí sásta le toradh cinneadh craoltóra, féadfaidh siad gearán a dhéanamh leis an BAI. Tá dhá mheicníocht ag an BAI chun déileáil le gearáin. Is é an Fóram um Ghearáin Feidhmiúcháin (ECF) an chéad cheann, a dhéanann breithniú tosaigh ar roinnt saghsanna de ghearáin, i gcomhréir leis an gcreatlach a leag an Coiste Comhlíonta síos. Is é an dara meicníocht go ndéanfaidh an Coiste Comhlíonta breithniú ar ghearán.

Rinne an BAI próiseáil fhoirmiúil ar 135 gearán in 2012. Réitíodh 25 de na gearáin a fuarthas chun sásaimh an ghearánaí tar éis freagra a fháil ón gcraoltóir. As na 114 gearán a bhí fanta, measadh go raibh 5 díobh neamhbhailí; aistarraingíodh 3 cinn agus réitíodh 43 díobh ar leibhéal an ECF. Tugadh na gearáin eile chun tosaigh lena mbreithniú ag an gCoiste Gearán. Astu seo, réitíodh ceann amháin; seasadh le 22; seasadh le 7 gcinn go páirteach agus diúltaíodh 26. Ní dhearnadh cinntí maidir le 3 ghearán go foill faoi dheireadh na bliana.

Tarlaíonn nach mbíonn gearánaí sásta le torthaí an phróisis ghearáin i gcónaí. In 2012, rinne gearánaí amháin nach raibh sásta le torthaí an phróisis ghearáin athbhreithniú breithiúnach ar an BAI. Rinne an Ard-Chúirt an cás a dhíbhe agus rinneadh na costais a dhámhachtain don BAI.

Tábla ina leagtar amach láimhseáil gearáin ag an BAI in 2012.

Gearáin a tugadh anonn ó 2011	Stádas
Réitithe ag an ECF	7
Aistarraingthe/Neamhainmníocht	0
Diúltaithe	4
Seasadh leis	10
Seasadh leis go páirteach	0
Iomlán	**21**

Gearáin a próiseáladh in 2012 de réir Chatagóir an Ghearáin	
Seirbhísí Closamhairc ar Éileamh (ODAS)	3
Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht	71
An Cód Ginearálta um Chumarsáid Tráchtála	41
Dlí agus Ord; Príobháideacht Duine Aonair	0
Cód Chaighdeáin na gClár	20
Iomlán	**135**

Torthaí an Ghearáin	
Réitithe	25
Réitithe ag an ECF	43
Aistarraingthe/Neamhainmníocht	1
Aistarraingthe ag an nGearánaí	2
Gearán neamhbhailí	5

Gearáin a ndearna an Coiste Comhlíonta breithniú orthu	
Réitithe	1
Seasadh leis	22
Seasadh leis go páirteach	7
Diúltaithe	26
Gearáin nár déileáladh leo go fóill	3
Iomlán	**135**

Cód an BAI um Chlúdach an Reifrinn agus an Toghcháin

Thug an BAI Cód um Chlúdach an Toghcháin agus an Reifrinn isteach in 2011. Agus Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha á fhorbairt, bheartaigh an tÚdarás go n-áireofaí leis an gCód, a luaithe a chuirfí i bhfeidhm é, foráil ghinearálta a cheanglódh ar chraoltóirí cloí le haon Treoir a eisítear ó thráth go chéile, maidir leis an gclúdach ar thoghcháin agus ar reifrinn.

Idir an dá linn, lean an BAI lena gCód ar Chlúdach an Toghcháin agus an Reifrinn a oibriú agus i Meán Fómhair, cuireadh a ndualgais in iúl do chraoltóirí faoin gCód roimh Reifreann na Leanaí, a bhí ar siúl an 10 Samhain. I bhfianaise chineál an reifrinn, bhí cruinnithe ar bun ag an BAI leis na craoltóirí chun faisnéis a thabhairt dóibh ar scóip agus ar infheidhmitheacht an Chóid, anuas ar fhreagraí a sholáthar ar fhiosrúcháin aonair.

An Scéim um Cheart Freagartha

Tháinig an Scéim um Cheart Freagartha i bhfeidhm in 2011. Leagtar amach laistigh den na téarmaí ar a dtugtar breac-chuntas san Acht Craolacháin, 2009, meicníocht do dhuine chun ceartú fíricí nó faisnéise neamhchruinne a craoladh faoi/fúithi a lorg, sa chás gur bhain an t-earra/na hearraí a craoladh dá (h) onóir nó dá c(h)lú.

Ní bhfuarthas aon iarratas ar Cheart Freagartha faoin Scéim i gcaitheamh 2012.

8 FORBAIRT RIALACHAIS AGUS EAGRAÍOCHTÚIL

An BAI a fhorbairt mar eagraíocht sholúbtha, éifeachtach agus ghairmiúil seirbhíse poiblí

Teastaíonn creatlach dhaingean rialachais agus acmhainní ó struchtúr eagraíochtúil an BAI, ina bhfuil an tÚdarás agus dhá choiste reachtúla, lena chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht go héifeachtach agus go héifeachtúil. Baineann an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil le forbhreathnú a sholáthar ar fhorbairtí eagraíochtúla le linn na bliana, a dhéanann tuairisciú ar ghníomhaíochtaí an Choiste Iniúchta agus Riosca Airgeadais agus a thugann sonraí ar dhul chun cinn a rinneadh maidir le gealltanais faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Feidhmiú an Údaráis agus Coistí Reachtúla

Gach bliain, tugann an eagraíocht faoi athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú agus ar fheidhmíocht an Údaráis, faoi mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Chas an tÚdarás ar a chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmiú agus ar a bhfeidhmíocht i Samhain. Mar chuid den chruinniú, rinne an tÚdarás breithniú ar dhul chun cinn na heagraíochta go dtí seo, i gcoinne an Ráitis Straitéise agus bhíothas sásta go ndéanfaí nach mór gach gné a sheachadadh faoi dheireadh 2013. Anuas air sin, rinneadh breithniú ar chur i bhfeidhm gnéithe éagsúla an reachta agus ar cibé acu an raibh nó nach raibh gá le leasuithe reachtúla agus ar cibé acu ar cheart nó nár cheart iad a mholadh don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ag eascairt ón bplé seo, rinneadh comhaontú gur cheart plé idir an BAI agus an Roinn a chur chun cinn d'fhonn breis feabhais a chur ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta.

Bhí cruinnithe ar bun de Chathaoirligh an Údaráis, agus den Choiste Bronnta Conarthaí agus Comhlíonta ar bhonn ráithiúil agus i measc na n-ábhar a pléadh bhí an straitéis agus an plean oibre, tacaíochtaí acmhainní, saincheisteanna rialachais chorparáidigh agus cumarsáide idir an tÚdarás agus na Coistí.

Anuas air sin, chloígh an BAI le gach dualgas rialachais Reachtúil agus den Chód Cleachtais, lena n-áirítear a chinntiú gur comhlíonadh tuairisciú airgeadais agus gur cuireadh ar aghaidh meastacháin trí bliana.

An Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (AIR)

Bunaíodh an Coiste AIR mar coiste den Údarás in 2010 agus tá acu réimse freagrachtaí a chuimsíonn córais rialaithe inmheánaigh, iniúchadh seachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta airgeadais. Faoina dTéarmaí Tagartha, ceanglaítear ar an gCoiste chun faisnéis a thabhairt don Údarás nach lú ná ceithre huaire sa bhliain maidir lena ndualgais éagsúla. Déantar athbhreithniú ar a dtéarmaí tagartha ar bhonn bliantúil lena chinntiú go mbíonn siad reatha agus ábhartha de shíor.

Chas an Coiste AIR ocht n-uaire in 2012 agus rinne siad breithniú ar réimse ábhar, agus tugtar breac-chuntas ar an méid seo thíos:

Airgeadas

Lean an Coiste le feidhm lárnach a chomhlíonadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chuntais mhíosúla na heagraíochta, mar aon le maoirsiú ginearálta a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na heagraíochta. Anuas air sin, rinne siad iniúchadh ar ráitis airgeadais agus ar ráitis leathbhliantúla Údarás Craolacháin na hÉireann agus ar an gCiste Craolacháin agus rinne siad a nglacadh leo a chur faoi bhráid an Údaráis, mar aon lena nglacadh a mholadh don Údarás. Sa mhullach air sin, rinneadh meastacháin trí bliana na heagraíochta a phlé agus a fhaomhadh ag an gCoiste le moltaí ón Údarás a fháil orthu.

Iniúchadh

Déanann an Coiste maoirsiú ar iniúchadh seachtrach agus inmheánach. Fuarthas tuarascáil ghlan iniúchta le haghaidh 2011 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don BAI agus don Chiste Craolacháin. Cuireadh líon iniúchtaí inmheánacha chun cinn in 2012, ar aon dul le plean iniúchta inmheánaigh trí bliana an BAI. Rinne Comhaltaí an Choiste breithniú ar thorthaí iniúchtaí inmheánacha maidir le Pleanáil agus Bainistíocht Airgeadais agus ar chomhlíonadh an BAI an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireadh iniúchtaí maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais, an Próiseas um Ghearáin Chraolacháin agus Monatóireacht Theicniúil chun chinn agus rinneadh an chuid ba mhó díobh a chríochnú faoi dheireadh na bliana.

Riosca

Úsáideann an BAI cur chuige rioscabhunaithe chun rioscaí a shainaithint agus chun tosaíocht a dhéanamh díobh, mar aon leis na gníomhartha a theastaíonn chun iad a bhainistiú agus na hacmhainní atá ar fáil leis na gníomhartha riachtanacha a chur i bhfeidhm. Déantar athbhreithniú ar rioscaí ar bhonn leanúnach ag an gCoiste AIR. Tugadh faoi athbhreithniú mór ar Chlár Riosca an BAI sa tríú ráithe in 2012, as ar eascair líon rioscaí tosaíochta a shainaithint. Mhol agus rinne an AIR breithniú don Údarás go gcuirfí clár comhiomlán nuashonraithe le chéile i dtráth déanach den bhliain.

Bainistíocht Cisteáin

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a dhéanamh ar Bheartas Infheistíochta an BAI in 2011, bheartaigh an AIR tabhairt faoi athbhreithniú breise ar an mBeartas in 2012, ar mhol siad don Údarás amhlaidh a dhéanamh. Lean an AIR, chomh maith leis sin, lena bhfeidhm maidir le bainistíocht cisteáin agus athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíocht i gcaitheamh na bliana.

Athbhreithniú ar Thobhach

I gcaitheamh na bliana, bhí feidhm lárnach ag an gCoiste AIR maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Thobhach an BAI a chur chun cinn agus chun sraith moltaí a chur faoi bhráid an Údaráis lena bhfaomhadh. Faoi dheireadh na bliana, cuireadh i gcrích an t-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Scéim an Tobhaigh agus measadh go leanfaí le moltaí a eascródh uaidh sin a chur i bhfeidhm in 2013.

Ráiteas Straitéise agus Pleanáil Oibre

Agus a bplean oibre á chur i dtoll a chéile le haghaidh 2012, shainaithin an eagraíocht cúig limistéar tosaíochta ina ndíreofaí acmhainní. Cuireadh faisnéis ar fáil do na limistéir ag buarthaí reachtúla, riaracháin agus cáile agus áiríodh leo Athbhreithniú 5 bliana ar Chistiú Poiblí le haghaidh Craoltóirí Seirbhíse Poiblí; Sound & Vision II (oibriú na Scéime agus an t-athbhreithniú reachtúil san áireamh); cur i bhfeidhm Phlean Ceadúnaithe an BAI, imscrúdú Alt 53; agus, an Straitéis TF. Áiríodh le plean oibre an BAI, chomh maith, réimse limistéir eile oibríochtúla ónar theastaigh cur i bhfeidhm. Bhí an plean oibre faoi réir athbhreithnithe lár na bliana agus dheireadh na bliana ag an Údarás, anuas ar athbhreithnithe míosúla agus ráithiúla ar dhul chun cinn ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí. Faoi dheireadh na bliana, bhí an tÚdarás sásta gur cuireadh an plean oibre trí bliana go mór chun cinn in 2012, i gcomhréir le Ráiteas Straitéise an BAI.

Comhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014

Faoi théarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh) 2010-2014, rinne an BAI réimse gealltanas agus é de chuspóir acu feabhas a chur ar a mbainistíocht acmhainní daonna, a bpróisis ghnó agus ar a seachadadh seirbhíse don saoránach. Déanann an BAI tuairisciú ar dhul chun cinn i leith gealltanas don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha gach sé mhí. Anuas air sin, agus ar aon dul le gach gníomhaireacht seirbhíse poiblí, tá an BAI tiomanta do dhul chun cinn a shonrú ina dTuarascálacha Bliantúla.

Bainistíocht Acmhainní Daonna Níos Fearr

Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta

Tá an BAI tiomanta do chinntiú gurb éard a bheidh i gceist lena gcur chuige i leith torthaí bainistíochta feidhmíochta ná tiomantas méadaithe foirne agus an úsáid is mó a bhaint as na hinniúlachtaí agus na scileanna atá ar fáil ag an eagraíocht agus na hinniúlachtaí agus na scileanna sin a fhorbairt.

Sheol an eagraíocht a mBeartas leasaithe Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta i Ráithe 2. Tugadh isteach plean cuimsitheach um chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ceardlanna agus oiliúint do gach grád. Anuas air sin, tugadh faoi shraith suirbhéanna fostaithe leis an bhfoireann le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an bheartais a chinntiú.

Próisis Ghnó Níos Fearr

Tionscnamh TF

Dearadh Straitéis TF trí bliana an BAI chun seirbhís atá níos tiomáinte ag an teicneolaíocht a bhaint amach, agus a bhaineann éifeachtúlacht i bhfad níos fearr amach i dtaobh na n-oibríochtaí agus a éascaíonn úsáid éifeachtach acmhainní.

Tugadh tús áite in 2012 chun glacadh na n-úsáideoirí leis an modúl Fuaim agus Fís den réiteach CRM a thabhairt isteach a chur i gcrích.

Faoi dheireadh 2012, tugadh i gcrích tástáil úsáideoirí ar na trí phríomhphróiseas sa mhodúl Fuaim agus Físe agus tugadh chun críche an t-aistriú sonraí. D'imigh an modúl beo go hinmheánach go déanach in 2012 agus tugadh faoi líon glacadh píolótach úsáideoirí sa dá bhabhta dheireanacha den mhodúl Fuaim agus Fís in 2012. Forbraíodh plean um thabhairt isteach le haghaidh glacadh úsáideoirí agus cuireadh tús lena chur i bhfeidhm roimh dheireadh na bliana. Agus aird ar an am agus an infheistíocht shuntasach a caitheadh ar an tionscnamh TF, thug an BAI faoi athbhreithniú eatramhach a dhéanamh ar a Straitéis TF d'fhonn measúnú a dhéanamh ar thosaíochtaí i gcomhthéacs Phlean Oibre an BAI le haghaidh 2013 agus fhorbairt ar an Ráitis Straitéise 2014-16.

Athbhreithniú Straitéiseach ar Shonraí Inmheánacha

Mar chuid dá Ráiteas Straitéise, thug an BAI faoi athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar shonraí inmheánacha le faisnéis a shainaithint óna n-iarrtar ar chraoltóirí, anuas ar anailísiú a dhéanamh ar an tionscal mar aon le sonraí eile lena mbaineann ríthábhacht maidir le feidhmeanna rialála an BAI. Bhí iniúchadh inmheánach i gceist leis an gcéad chéim den tionscal trí bliana seo a cuireadh i gcrích tar éis suirbhé cuimsitheach foirne. Sainaithníodh príomhshonraí agus príomhfhaisnéis a bhí in úsáid ag an BAI le linn an phróisis seo. Cuireadh moill ar dhul chun cinn sa dara leath de 2012 mar gheall ar shrianta ar acmhainní agus ar athbheartú tosaíochtaí gníomhaíochtaí eile. Sainaithníodh gur thosaíocht a bhí sa tionscadal in 2013 agus leithdháileadh acmhainní le dul chun cinn a chinntiú.

Riosca

Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca athbhreithniú agus monatóireacht ar bhonn leanúnach ar Chlár Riosca an BAI. Mar chuid den phróiseas pleanála oibre faoinar tugadh go déanach in 2012 do thréimhse 2013, iarradh ar an bhfoireann rioscaí a shainaithint a bhain le gach tionscadal agus limistéar oibríochtúil agus cuireadh iad seo leis an gclár riosca.

Tiomantas do Dhul i nGleic le Coigiltí i gCostais Fuinnimh

Mar chuid dá dtiomantas chun dul i ngleic le coigiltí i gcostais fuinnimh, choimisiúnaigh an BAI tuarascáil, trína gconraitheoir áiseanna, chun limistéir ina gcaillltear fuinneamh in áitreabh an BAI a shainaithint. Anuas air sin, bhunaigh líon foirne den BAI fochoiste comhshaoil chun oibriú i gcomhar leis an eagraíocht maidir le cur le coigiltí breise fuinnimh. Meastar go leagfaidh an tuarascáil fuinnimh béim ar réimse gníomhaíochtaí lena mbreithniú agus lena gcur i bhfeidhm ag an eagraíocht sna 12-24 mí amach romhainn.

Seachadadh don Saoránach

Lean an BAI le breis forbartha a dhéanamh ar an mbealach a théann siad i dteagmháil leis an saoránach agus a dhéantar aonáin a rialáil le linn thréimhse na bliana. Rinne an BAI forbairt shuntasach ar an úsáid a bhain siad as na meáin shóisialta mar uirlis teagmhála. Bunaíodh cainéal YouTube agus foilsíodh leagan sínithe de na Rialacha Rochtana ar an gcainéal seo. Bhain an BAI úsáid ghníomhach as Twitter agus Facebook chun a gcuid oibre agus teagmhála a chur chun cinn lena gcuid próiseas i gcaitheamh na bliana. Leanann forbairt ag teacht ar láithreán gréasáin an BAI agus i rith 2012, tugadh isteach an fheidhm 'cláraigh' agus seoladh chuig breis agus 600 de lucht cláraithe fógraí agus nuashonruithe ar bhonn rialta faoi dheireadh na bliana.

Halla Laoch an PPI/an BAI

In 2012, rinne Coiste Dámhachtainí Raidió an PPI an cinneadh chun catagóir "Halla Laoch" a thabhairt isteach i gclár reatha Dámhachtainí Raidió an PPI. Bhraith Coiste an PPI gur chuir an "Hall Laoch" go mór leis an bpróiseas Dámhachtainí agus gur bhealach oiriúnach é le seirbhís fhadtéarmach a sholáthar don raidió a aithint.

Déantar plaic "Halla Laoch" a choimisiúnú do gach ionduchtaí agus crochtar na plaiceanna seo i ndánlann ar bhallaí oifigí an BAI. Bronntar deimhniú pearsanta frámaithe ar gach duine ar a mbronntar Dámhachtain "Halla Laoch".

Ina mbliain tionscnaimh, rinneadh seachtar faighteoirí na Dámhachtana Sár-Éachta a ionduchtú isteach sa "Halla Laoch", mar aon le ceathrar ionduchtaithe nua.

Osclaíodh an dánlann "Halla Laoch" le linn imeachta um chur chun cinn ag oifigí an BAI an 14 Samhain 2012 agus bhí faighteoirí, daoine muinteartha, cairde agus comhaltaí an phreasa i measc an lucht freastail."

1

2

4

5

3

6

8

7

10

9

1 Gay Byrne
2 Séan Ban Breathnach
3 Candy Devine
4 Des Whelan
5 Michéal Ó Muircheartaigh
6 Mario Rosenstock
7 Jimmy Magee
8 Morah and Lottie Ryan
9 Group photo
10 Larry Gogan

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas ar Fhreagrachtaí	49
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	50
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	52
Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta	53
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	55
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	56
Clár Comhardaithe	57
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	58
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	59

Raiteas Ar Fhreagrachtai

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009 (an tAcht), tá Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) freagrach as ráitis airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012 a ullmhú, chun léargas fírinneach, cothrom a thabhairt ar chúrsaí mar atá ag Údarás Craolacháin na hÉireann amhail ar an 31 Nollaig 2012 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar an mbonn gnóthais reatha, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibríochta;
- A dhearbhú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha sna cuntais a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Leabhair chearta chuntas a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 37(2) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna faomhadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.
- Sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chumhdach agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Bob Collins
Cathaoirleach

Michelle McShortall
Ball an Údaráis

25/9/13

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, admhaím go bhfuil freagracht ar an Údarás as deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á chur i ngníomh de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil – ní féidir leis deimhniú absalóideach a thabhairt ina leith seo.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích ag an Údarás chun timpeallacht chuí rialúcháin a dheimhniú:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna móra sa rialú a thuairisciú agus deimhin a dhéanamh de go ngníomhaítear chuige sin ina cheart.

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a shonrú agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shonrú, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sonraithe
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Is ar chreat faisnéis rialta bhainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta a bhí an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe. Áiríodh leis, go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadúcháin ar ghabh buiséad bliantúil leis a d'athbhreithnigh agus a d'aontaigh an tÚdarás
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léirigh an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- Spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- Treoirlínte um rialú infheistíocht chaipitil atá sainithe go soiléir.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Feidhmítear feidhm iniúchta inmheánaigh, agus baintear úsáid as anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir mar threoir le haghaidh obair na feidhme sin. Bíonn an plean iniúchta bliantúil bunaithe ar an anailís sin.

Bhí faireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais á dtreorú ag obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca a rinne maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin in Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais, agus ag nithe a dúirt an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012.

Arna shíniú thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann.

Bob Collins
Cathaoirleach

25/9/13

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Broadcasting Authority of Ireland

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2012 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the statement of accounting policies, the income and expenditure account, the statement of total recognised gains and losses, the balance sheet, the cash flow statement and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 37 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland.

Responsibilities of the Authority

The Authority is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Broadcasting Authority of Ireland affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of Audit of the Financial Statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Authority's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

Opinion on the Financial Statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland, give a true and fair view of the state of the Authority's affairs at 31 December 2012 and of its income and expenditure for 2012.

In my opinion, proper books of account have been kept by the Authority. The financial statements are in agreement with the books of account.

Matters on which I Report by Exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements, or
- the Statement on Internal Financial Control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
08 October 2013

Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta

Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Rinneadh na Ráitis Airgeadais don Údarás, atá i bhfoirm atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais, a ullmhú ar bhonn fabhruithe, ach amháin de réir mar atá sonraithe thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na bPrionsabal Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo. Déantar caighdeáin um thuairisciú airgeadais atá molta ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta a ghlacadh de réir mar a thagann siad chun bheith infheidhme. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na cuntais airgeadais ainmnithe.

Ioncam Tobhaigh

Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás ná tobhaigh a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na speansais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a chistiú agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi Alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, aon bharrachas ioncam tobhaigh de bhreis ar na speansais iarbhír a thabhaíonn an tÚdarás agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, déanfar an barrachas sin a fhritháireamh in aghaidh oibleagáidí tobhaigh don bhliain dár gcionn, nó déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthróirí seirbhísí craolacháin ar a ngearrtar an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33), 2010, an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh.

Ioncam ón Táille Cheadúnaithe

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an tÚdarás freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Go ginearálta, déanann an tÚdarás dhá chineál conartha le hoibreoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin
- Conarthaí um Sholáthar Lánais

D'fhéadfadh táillí ceadúnaithe a bheith iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí chuig an BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh na táillí sin a bheith éagsúil ó am go chéile ar aon dul le polasaithe agus straitéisí an Údaráis.

Ioncam eile

Tugtar ioncam eile chun cuntais i gcaitheamh na tréimhse lena mbaineann sé.

Léasú

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta

Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Léirítear dímheas i leith na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir agus ríomhtar é chun costas gach sócmhainne a dhíluacháil go dtí a luach iarmharach measta i gcaitheamh a shaolré úsáidí trí thráthchodanna bliantúla comhionanna mar seo a leanas:

- Trealamh Ríomhaireachta	33%
- Trealamh Oifige	20%
- Daingneáin agus Feisteáin	10%
- Feabhsúcháin Léasachta	10%
- Clostrealamh / Trealamh Teicniúil	33%
- Mótarfheithiclí	25%

Tá soláthar déanta do ráta 10% i leith na bhfeabhsúchán a rinneadh ar oifigí an Údaráis ag 2-5 Plás Warrington mar go meastar go gcoimeádfaidh an tÚdarás a thionacht sna hoifigí sin gan aon mhórfheabhsúchán a bheith de dhíth go ceann 10 mbliana ar a laghad. Beidh an léas ar an áitreabh sin caite i 2021.

Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

Pinsin

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann scéim pinsin le sochar sainithe. Tá socrú déanta ag an Údarás leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoina gcúiteofar leis an Údarás gach airgead a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí pinsin a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, tá ceangal ar an Údarás méid is ionann agus ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha móide ranníocaíocht ón bhfostóir ag rátaí arna socrú ag an Roinn Airgeadais.

Is ionann na costais phinsin agus ranníocaíocht an fhostóra i leith na bliana.

Léiríonn na dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Sócmhainn, a bhfuil a méid comhionann leis an tsócmhainn seo agus atá in ionannas leis na méideanna a bheidh le haisíoc i dtréimhsí sa todhchaí ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le haghaidh pinsean de réir mar a bheidh siad dlite le híoc, aithnítear í bunaithe ar an socrú um chistiú pinsin atá i bhfeidhm.

Dliteanais phinsin atá léirithe ag luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh foireann an Údaráis go dtí seo, déantar iad a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a shaothraigh foireann an Údaráis sa tréimhse agus léirítear iad tar éis ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, a gcoinníonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha iad. Meastar an méid a chuirfear san áireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh mhéid an Chistithe Pinsin Státchiste Iarchurtha ag méid atá cothrom le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsean.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta le haghaidh na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid le haghaidh Cistiú Pinsin Státchiste Iarchurtha.

Cánachas

Níl dliteanas ar an Údarás i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an tÚdarás faoi réir CBL.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

	Nóta	**2012**	2011
Ioncam		**€'000**	€'000
Tobhach	*1*	**4,998**	5,602
Táillí Ceadúnaithe	*2*	**3**	5
Ioncam eile	*3*	**952**	506
Ioncam Comhlán		**5,953**	6,113
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	*14*	**269**	334
		6,222	6,447
Caiteachas			
Costais Foirne	*4*	**2,123**	1,571
Costais Phinsin	*18(c)*	**266**	208
Táillí Bhaill an BAI	*16*	**111**	111
Táillí Comhairleachta	*5*	**559**	545
Costais Dlí		**259**	83
Fógraíocht		**73**	43
Costais Riaracháin	*6*	**354**	423
Luach Saothair na nIniúchóirí		**12**	11
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha	*7*	**406**	426
Costais Áitribh agus Ghaolmhara	*8*	**884**	923
Dímheas		**272**	373
		5,319	4,717
Barrachas san Ioncam de bhreis ar an gCaiteachas		**903**	1,730
Aisíoc Tobhaigh	*1*	**(820)**	(1,896)
Barrachas/(Easnamh) tar éis Aisíoc Tobhaigh		**83**	(166)
Iarmhéid ag tús na bliana		**576**	742
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**659**	576

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1–19.

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 10 Meitheamh 2013 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

Bob Collins
Cathaoirleach

Michelle McShortall
Ball an Údaráis

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

25/9/13

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

	2012	2011
	€'000	€'000
Barrachas/(Easnamh) tar éis Aisíoc Tobhaigh	**83**	(166)
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean	**622**	98
Athruithe ar fhoshuíomhanna	**(223)**	(533)
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin Státchiste iarchurtha	**(399)**	435
Gnóthachan Aitheanta Iomlán don bhliain	**83**	(166)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1–19.

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 10 Meitheamh 2013 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

Bob Collins
Cathaoirleach

Michelle McShortall
Ball an Údaráis

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

25/9/13

Clár Comhardaithe

Amhail ar an 31 Nollaig 2012

	Nóta	**2012**	2011
		€'000	€'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	*9*	**141**	410
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	*10*	**1,803**	1,374
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		**324**	1,573
Taiscí Gearrthréimhseacha	*11*	**276**	1,508
		2,403	4,455
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	*12*	**1,444**	3,879
Saoráid Iasachta	*13*	**300**	0
		1,744	3,879
Glansócmhainní Reatha		**659**	576
Sócmhainn Iarchurtha Phinsin	*18*	**5,306**	5,165
Dliteanais Phinsin	*18*	**(5,306)**	(5,165)
Glansócmhainní		**800**	986
In ionannas le:			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		**659**	576
Cuntas Caipitil	*14*	**141**	410
		800	986

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1–19.

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 10 Meitheamh 2013 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

Bob Collins
Cathaoirleach

